



Ollscoil
Teicneolaíochta
an Atlantaigh

Atlantic
Technological
University

Tuarascáil Bhliantúil

1 MEÁN FÓMHAIR 2023 –
31 LÚNASA 2024



Clár Ábhair

1. Réamhrá	4	5.5 Dearbhú Cáilíochta agus Foireann um Fheabhsú	25
1.1 Fáilte ó Chathaoirleach an Bhoird Rialachais	4	5.6 ATU Global (OTA ar bhonn domhanda)	25
1.2 Fáilte ó Uachtarán Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh	5	5.7 Teagasc agus Foghlaim	26
2. An Bord Rialúcháin agus Rialachas	6	5.8 An Leabharlann	27
2.1 Cúlra Reachtaíochta	6	5.9 Seirbhísí do Scoláirí	28
2.2 An Bord Rialúcháin	6	6. Taighde agus Nuálaíocht	30
2.3 Plean Straitéiseach, Cláir Bhliantúla agus Buiséad	6	6.1 Buaicphointí an Ionaid Taighde	30
2.4 Oibríocht an Bhoird Rialúcháin, Feidhmeanna Forchoimeáda agus Cinntí a Tharmlichtear chuig an mBainistíocht	6	6.2 Méadracht Knowledge Transfer Ireland (KTI)	30
2.5 An Cód Caiteachais Phoiblí agus na Treoirínte Bonneagair a Chomhlíonadh	6	6.3 Moil Nuálaíochta agus Fiontraíocht	31
2.6 Cruinnithe an Bhoird Rialúcháin	6	6.4 Braislí Teicneolaíochta	31
2.7 Bainistíocht Riosca	8	7. Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíochtaí Seachtracha	33
2.8 An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca	8	7.1 Foghlaim Ar Líne, Sholúbtha agus ar feadh an tSaoil	33
2.9 Cruinnithe eile den Choiste	9	7.2 Rannpháirtíocht Réigiúnach	34
2.10 Measúnú Feidhmíochta an Bhoird Rialúcháin agus a Choistí	11	7.3 Alumni	35
3. Oifig an Uachtaráin	12	8. Nuashonruithe ó na Dáimh	36
3.1 Cumarsáid	12	8.1 Dámh an Ghnó agus na nEolaíochtaí Sóisialta	36
3.2 Pleanáil Straitéiseach	12	8.2 Eolaíocht agus Sláinte	36
3.3 Struchtúir Eagraíochta lena n-áirítear Foireann Pleanála na hOllscoile	13	8.3 Innealtóireacht agus Ríomhaireacht	37
3.4 Comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021	13	8.4 Oideachas, Dearadh agus na Daonnachtaí	39
4. Gníomhaíochtaí Comhtháthaithe Ardleibhéil	14	9. Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	40
5. Gnóthaí Acadúla, Scoláirí, Teagasc agus Foghlaim	15	10. Bonneagar	41
5.1 An Chomhairle Acadúil	16	11. Acmhainní Daonna	42
5.2 Oifig Cáilíochta	17	12. Tuarascáil Airgeadais	43
5.3 Gnóthaí Acadúla	20	13. Tionscadail Speisialta	44
5.4 Margaíocht	23	13.1 N-TUTORR	44
		13.2 Ardoideachas 4.0	44
		13.3 AE GLAS	45

1. Réamhrá

1.1 Fáilte ó Chathaoirleach an Bhoird Rialachais

Thar ceann an Bhoird Rialaithe, tá áthas orm fáilte a chur romhat chuig an Tuarascáil Bhliantúil seo d'Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA), a chlúdaíonn an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024. Léirítear ón mbliain seo caibidil lárnach inár bhforbairt mar an ollscoil ilchampais is mó in Éirinn.

I measc na ngaiscí a bhain muid amach bhí comhtháthú Choláiste San Aingeal isteach in OTA. Leis an ionchorprú foirmiúil sin leathnaíodh ár rian institiúideach agus ár n-acmhainneacht chun rochtain fheabhsaithe oideachais, taighde agus rannpháirtíocht phobail a sholáthar san iarthar agus san iarthuaisceart.

Bhí toradh i mbliana freisin ar Chéim 1 den phróiseas maidir le Dearadh Eagraíochta OTA, lena mbaineann comhairliúchán fairsing, ionchur saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus struchtúr aontaithe a chur in iúl chun tacú le barr feabhais na seirbhíse acadúla, feidhmiúcháin agus tacaíochta.

Ó chistiú taighde go fás bonneagair, ó rochtain na scoláirí ar chomhoibriú idirnáisiúnta, tá conair OTA i mbliana soiléir: conair lena mbaineann leathnú agus cuspóir leis an leathnú, agus comhtháthú agus fíis ann don chomhtháthú sin. Léiríonn tionscnaimh cosúil le hinfheistíocht na Fiontraíochta Tacaíochta don Taighde agus don Nuálaíocht de chuid na nOllscoileanna Teicneolaíochta (TU RISE), oscailt moil nua cosúil le CREW agus AIM, agus leathnú áiseanna campais faoi Thionscadal Éireann 2040, muinín an Rialtais inár ról i bhforbairt réigiúnach agus i gclaochlú náisiúnta.

Táimid muiníneach go bhfuil OTA ag teacht chun cinn le soiléireacht cuspóra agus tiomantas araon do leas an phobail.



Maura McNally SC
Cathaoirleach, an Bhoird Rialachais
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh



1.2 Fáilte ó Uachtarán Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh

Is céim eile den fhás, den chomhtháthú agus den uaillmhian d'Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) í an tréimhse tuairiscithe seo agus muid ag leanúint ar aghaidh ag múnú ollscoile a bhfuil neart réigiúnach agus tábhacht náisiúnta ag baint léi.

Ceann de na forbairtí ba shuntasá le linn na bliana seo ba ea ionchorprú foirmiúil Choláiste San Aingeal in OTA an 1 Samhain 2023. Leis an gcéim stairiúil sin leathnaíodh ár bpobal ollscoile agus saibhríodh sé ár dtairiscintí acadúla agus eispéireas ár scoláirí ar fud réigiún an iarthuaiscirt.

Ag an am céanna, chuir OTA a phróiseas deartha eagraíochtúil chun cinn, ag dul i mbun comhairliúcháin leathan le baill foirne, scoláirí agus saineolaithe seachtracha. Mar thoradh ar an bpróiseas sin beartaíodh struchtúr ollscoile ardleibhéil, a ceapadh chun ceannaireacht straitéiseach agus seachadadh acadúil aontaithe a chumhachtú thar cheithre dhámh agus sé fheidhm ghairmiúla shinsearacha ann.

Go hacadúil, leanadh dár móiminteam. Agus níos mó ná 4,600 scoláire nua chéad bhliana ag teacht isteach chugainn i mí Mheán Fómhair 2023 agus méadú 5% ar thairiscintí Bhabhta 1 ón Lár-Oifig Iontrála, chonaiceamar fianaise shoiléir ar an éileamh náisiúnta ar OTA ag fás. Rinneamar ceiliúradh ar gharspriocanna suntasacha bonneagair, ar nós oscailt Gheata Teicneolaíochta na Beacht-innealtóireachta agus na Déantúsaíochta agus leathnú champas Shligigh le hoscailt oifigiúil na forbartha nua a chosain €35m.

Ba théamaí lárnacha iad taighde agus nuálaíocht, agus cuireadh €19.6 milliún le cistiú na Fiontraíochta Tacaíochta don Taighde agus don Nuálaíocht de chuid na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 60 scoláireacht PhD nua, agus infheistíocht spriocdhírthe tríd an gCiste um Chur Chun Cinn na hEarnála Teicneolaíochta.

Seoladh ár nOifig Alumni go hoifigiúil i mí Dheireadh Fómhair, ag tapú líonra féideartha alumni de bhreis agus 100,000.



Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfoireann, lenár scoláirí, lenár lucht alumni agus lenár gcomhpháirtithe as a dtiomantas, a gcruthaitheacht agus a gcreideamh comhroinnte inár misean. Leagadh síos an dúshraith i mbliana do sheasamh OTA le gur mó a thionchar fós sna blianta amach romhainn.

An Dr. Orla Flynn
Uachtarán, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh

2. An Bord Rialúcháin agus Rialachas

2.1 Cúlra Reachtaíochta

Ag meán oíche an 31 Márta 2022, díscaoileadh Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, agus Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (an Ollscoil) faoi théarmaí Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018, trí IR 56 de 2022. I bhforbairt bhreise ar an Ollscoil, ionchorpraíodh Coláiste San Aingeal, an Clochar Riabhach, Sligeach san Ollscoil ar an 1 Samhain 2023 de bhun ordaithe ó Aire na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta dar dáta an 5 Iúil 2023 (IR uimh. 356 de 2023). Faoi Alt 22 den Acht tugtar cumhacht d'Oifig an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste dátaí a fhorordú don chéad tréimhse airgeadais tar éis ollscoil teicneolaíochta a bhunú. Sa chéad tréimhse airgeadais den Ollscoil cumhdaíodh an tréimhse 17 mí ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023, agus cumhdaíodh tréimhsí airgeadais 12 mhí ina dhiaidh sin agus dar críoch an 31 Lúnasa gach bliain.

2.2 An Bord Rialúcháin

Bunaíodh Bord Rialaithe na hOllscoile faoin Acht um Ollscoil Teicneolaíochta 2018, arna leasú leis an Acht um ÚAO 2022. Tá an Bord Rialaithe cuntasach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Tá Bord Rialaithe na hOllscoile ann féin freagrach as gníomhaíochtaí na hOllscoile a stiúradh agus comhlíonann sé trí fheidhm, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir straitéiseach agus í a threorú agus príomhphleananna gníomhaíochta, polasaithe agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó, cuspóirí feidhmíochta a leagan amach, cur chun feidhme agus feidhmíocht na hOllscoile a fhaireachán, agus maoirseacht a dhéanamh ar mhórchaitheachas caipitiúil agus cinntí infheistíochta. Ceanglaítear ar an mBord gníomhú ar bhonn eolasach eiticiúil iomlán, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí, agus ar mhaithe le leas na hOllscoile, agus aird chuí á tabhairt aige ar a fhreagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas. Féachann an Bord le prionsabail dhea-chleachtais na hearnála poiblí a chomhlíonadh ina ghníomhaíochtaí féin agus ina úsáid coistí.

2.3 Plean Straitéiseach, Cláir Bhliantúla agus Buiséad

Rinne Bord Rialaithe na hOllscoile meastóireacht fhoirmiúil ar fheidhmíocht iarbhrí trí thagairt a dhéanamh d'iarratas Chomhghuaillíocht Chonnacht-Uladh ar a ainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta ina leagtear amach na colúin straitéiseacha tosaigh don Ollscoil agus a d'fhormheas Clár agus Buiséad Bliantúil don Ollscoil ina dhiaidh sin. D'fhormheas an Bord Rialaithe Plean Straitéiseach na hOllscoile an 19 Feabhra 2024.

2.4 Oibríocht an Bhoird Rialúcháin, Feidhmeanna Forchoimeáda agus Cinntí a Tharmlichtear chuig an mBainistíocht

Tá Comhlacht Rialaithe na hOllscoile freagrach i dteannta a chéile as gníomhaíochtaí na hOllscoile a threorú agus a stiúradh i gcomhréir leis an gCód Rialachais Eatramhach. Is feidhmeanna agus cinntí bainistíochta iad na feidhmeanna agus na cinntí go léir nach bhfuil liostaithe go sonrach sa Chód Rialachais.

2.5 An Cód Caiteachais Phoiblí agus na Treoirínte Bonneagair a Chomhlíonadh

Deimhníonn an Bord Rialaithe go gcloíonn an Ollscoil le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus gur chinntigh an Bord Rialaithe go bhfuil córais agus nósanna imeachta láidre éifeachtacha i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar prionsabail, ceanglais agus treoirínte ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí lena n-áirítear treoirínte chun luach ar airgead a bhaint amach. Chloígh OTA leis na Treoirínte don Bhreithmheas agus do Bhainistíocht Tograí Caipitil nuair is cuí. Rinne an Bord Rialaithe athbhreithniú agus formheas ar an bpolasaí um Bainistíocht Oibreacha Caipitil an 24 Meitheamh 2024.

2.6 Cruinnithe an Bhoird Rialúcháin

Le linn na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024 tháinig an Bord Rialaithe le chéile 8 n-uaire ar leith ar na dátaí seo a leanas: an 4 Meán Fómhair 2023, an 2 Deireadh Fómhair 2023, an 6 Samhain 2023, an 11 Nollaig 2023, an 19 Feabhra 2024, an 25 Márta 2024, an 13 Bealtaine 2024, an 24 Meitheamh 2024.

Cruinnithe an Bhoird Rialúcháin ar Freastalaíodh orthu ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024

Líon na gcruinnithe: 8

Ainm	Ról	Dáta an Cheapacháin	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Maura McNally	Cathaoirleach	01.04.2022	8/8
Dr Orla Flynn	Uachtarán	01.04.2022	8/8
Barry Breslin (30.06.2024)	Scoláire ar ball é	24.07.2023	4/8
Dr Brian De Souza	Ball Foirne	06.11.2023	5/5
Brian McCann (31.03.2024)	Ball Foirne	13.06.2022	6/6
Dara Foynes	Ball Seachtrach	04.07.2022	7/8
David Minton	Ball Seachtrach	04.07.2022	3/8
Felim McNeela (31.03.2024)	Ball Seachtrach	01.04.2022	6/6
Jeremiah Egberongbe (30.06.2024)	Scoláire ar ball é	24.07.2023	8/8
Joanne Grehan	Ball Seachtrach	06.11.2023	3/5
Joe Cunningham	Ball Seachtrach	06.11.2023	4/5
Dr John Bartlett	Ball Foirne	06.11.2023	5/5
John Daffy	Ball Foirne	06.11.2023	5/5
Dr Martin Robinson	Ball Foirne	13.06.2022	8/8
Michael Geoghegan (31.03.2024)	Ball Foirne	13.06.2022	6/6
Michael Gilvarry	Ball Seachtrach	29.08.2022	7/8
Oonagh Monahan	Ball Seachtrach	01.04.2022	6/8
Prof Rachel Ashworth	Ball Seachtrach	26.09.2022	3/8
Regina Daly	Ball Foirne	06.11.2023	5/5
Sarah Mohan	Scoláire ar ball í	24.07.2023	6/8
Séamus Hughes	Ball Seachtrach	29.08.2022	6/8
Ursula Cox (17.02.2024)	Ball Foirne	13.06.2022	5/5
Anne McHugh (12.12.2023)	Ball Seachtrach	01.04.2022	2/4
Dr Mary Kelly (31.10.2023)	Ball Seachtrach	29.08.2022	0/2
Mary McGinley (12.12.2023)	Ball Seachtrach	04.07.2022	4/4
Gareth Roe (07.11.2023)	Ball Foirne	13.06.2022	3/3
Patricia King (31.10.2023)	Ball Seachtrach	29.08.2022	2/2
Kevin Sweeney	Scoláire ar ball é	01.07.2024	0/0
Julia Bocianowska	Scoláire ar ball í	01.07.2024	0/0

Ceaptar baill an Bhoird Rialúcháin ar feadh téarma ceithre bliana cé is moite d'ainmnithe aontais na mac léinn a cheaptar chun fónamh ar feadh téarma bliana.

2.7 Bainistíocht Riosca

Rinne an Bord Rialaithe creat bainistithe riosca na hInstitiúide a fhorghnó agus rinne faireachán ar a éifeachtacht, ar a fhorghnó agus ar a maoirseacht ar Pholasaí Bainistíochta Riosca Institiúid Teicneolaíochta an Atlantaigh lena n-áirítear athbhreithnithe struchtúrtha agus tréimhsiúla agus nuashonruithe ar Chlár Riosca Corparáideach na hInstitiúide ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. Cuimsítear san athbhreithniú sin measúnú ar phríomhrioscaí, rátáil riosca agus maoluithe gaolmhara do gach ceann de na rioscaí a leagtar amach i gClár Riosca Corparáideach na hOllscoile.

2.8 An Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Is é Bord Rialaithe na hOllscoile a shocraíonn Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus tá foráil iontu maidir leis na nithe seo a leanas:

- Ballraíocht
- Riachtanais Tuairiscithe
- Údarás chun imscrúdú a dhéanamh
- Cruinnithe – socrú ama, iompar agus minicíocht
- Riachtanais maidir le faisnéis
- Luach ar airgead
- Rialachas agus freagrachtaí maidir le:
 - Bainistíocht Riosca
 - Rialú Inmheánach
 - Iniúchadh Inmheánach
 - Iniúchadh Seachtrach
 - Athbhreithniú ar a éifeachtacht féin

Is deimhin le Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe go bhfuil a ról comhlíonta go héifeachtach agus go héifeachtúil ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus go bhfuil na riachtanais maidir le minicíocht na gcruinnithe sa bhliain acadúil seo comhlíonta aige.

Cruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosa ar Freastalaíodh orthu ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa

Ainm	Dáta an Cheapacháin ar an gCoiste	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Mary McGinley	13.04.2022	6/6
Paraic Casey	13.04.2022	4/6
David Leahy	13.04.2022	2/6
Philip Maguire	13.04.2022	5/6
LeeAnn McGinley (24.10.22 go 22.01.25)	24.10.2022	4/6
Anne McHugh (13.04.22 go 11.12.23)	13.04.2022	3/3
John Geary (21.11.22 go 11.03.24)	21.11.2022	2/4
Joe Cunningham	11.12.2023	3/3
Joanne Grehan	25.03.2024	1/1
David Minton	25.03.2024	0/1
Áine Murray	24.06.2024	0/0

Tionóladh cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 12 Meán Fómhair 2023, an 20 Samhain 2023, an 27 Samhain 2023, an 6 Feabhra 2024, an 15 Márta 2024 agus an 14 Bealtaine 2024.

2.9 Cruinnithe eile den Choiste

Sonraí faoi bhallraíocht agus faoi chruinnithe a tionóladh i rith na bliana.

Ainm	Dáta an Cheapacháin ar an bhFochoiste	Na Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu
Fochoiste Airgeadais		
Felim McNeela (24.10.22 - 31.03.24)	24.10.2022	6/6
Ursula Cox (24.10.22 - 20.02.24)	24.10.2022	2/3
Larissa Feeney	21.11.2022	5/7
Dr Orla Flynn	24.10.2022	7/7
Joe Gannon	21.11.2022	5/7
Dr Mary Kelly (24.10.22 - 04.11.23)	24.10.2022	0/1
Paul Shelly	21.11.2022	7/7
Conor Murphy	11.12.2023	6/6
John Daffy	25.03.2024	1/1
An Fochoiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú		
Maura McNally	09.05.2022	2/4
Dr Orla Flynn	09.05.2022	4/4
Prof Jacqueline McCormack	09.05.2022	4/4
Prof Owen Barr	26.09.2022	2/4
Brian McCann (20.02.23 - 31.03.24)	20.02.2023	3/3
Tonye Benson Olatunde	15.05.2023	4/4
Sarah Mohan	04.09.2023	3/4
John Daffy	11.12.2023	2/2
Regina Daly	11.12.2023	2/2
Oonagh Monahan (15.05.23 - 25.03.24)	15.05.2023	2/3
An Coiste um Ainmniúcháin Sheachtracha		
Maura McNally	09.05.2022	4/5
Oonagh Monahan	09.05.2022	3/5
Ann McHugh (09.05.22 - 04.09.23)	09.05.2022	0/0
Felim McNeela (09.05.22 - 31.03.24)	09.05.2022	4/4
Joe Cunningham	13.05.2024	1/1
David Minton	13.05.2024	1/1
Brian De Souza	13.05.2024	1/1

Ainm	Dáta an Cheapacháin ar an bhFochóiste	Na Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu
An Fochóiste um Fhorbairt Straitéiseach		
Oonagh Monahan	20.02.2023	3/3
Dr Orla Flynn	20.02.2023	3/3
Maura McNally	20.02.2023	1/3
Henry McGarvey	20.02.2023	3/3
Dr Martin Robinson	20.02.2023	3/3
Dara Foynes	20.02.2023	0/0
David Minton	20.02.2023	0/0
Allan Mulrooney	19.02.2024	2/2
Majella Maher	19.02.2024	2/2
Breege Conroy	19.02.2024	2/2
Seamus Hughes (20.2.23 - 19.2.24)	20.02.2023	0/1
Sarah Mohan (01.09.23 - 30.06.24)	01.09.2023	2/3
An Coiste um Dhochtúireachtaí Oinigh		
Maura McNally (Chair)	19.02.2024	1/1
Dr Billy Bennett (Secretary)	19.02.2024	1/1
Dara Foynes	25.03.2024	1/1
Frances Lucy	19.02.2024	1/1
Sarah Mohan	19.02.2024	0/1
Dr Orla Flynn	19.02.2024	1/1
Fochóiste TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca		
LeeAnn McGinley (14.05.24 - 22.01.25)	14.05.2024	0/0
Mary McGinley	14.05.2024	0/0
Sean Hanna	14.05.2024	0/0
Tony Miller	14.05.2024	0/0
Joe Dolan	14.05.2024	0/0

Tionóladh cruinnithe an fhochoiste airgeadais an 25 Deireadh Fómhair 2023, an 19 Eanáir 2024, an 12 Feabhra 2024, an 6 Márta 2024, an 15 Márta 2024, agus an 5 Meitheamh 2024.

Tionóladh cruinnithe an Fhochoiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú an 11 Meán Fómhair 2023, an 13 Samhain 2023, an 11 Márta 2024 agus an 27 Bealtaine 2024.

Tionóladh cruinnithe an Choiste um Ainmniúcháin Sheachtracha an 4 Meán Fómhair 2023, an 11 Meán Fómhair 2023, an 23 Deireadh Fómhair 2023, an 13 Márta 2024 agus an 13 Bealtaine 2024.

Tionóladh cruinnithe an fhochoiste um Fhorbairt Straitéiseach an 23 Eanáir 2024, an 30 Aibreán 2024 agus an 6 Meitheamh 2024.

Tionóladh an chéad chruinniú den Choiste Dochtúireachta Oinigh an 26 Aibreán 2024.

Tionóladh an chéad chruinniú den fhochoiste TFC de Luathú Taighde chun Tráchtálaithe an 24 Meán Fómhair 2024.

2.10 Measúnú Feidhmíochta an Bhoird Rialúcháin agus a Choistí

Bhí Bord Rialaithe na hOllscoile tiomanta d'athbhreithnithe bliantúla a dhéanamh ar a éifeachtacht. Ní dhearnadh athbhreithniú seachtrach le linn na tréimhse sin ach tá sé sin beartaithe don bhliain 2025. Tharla Féinmheasúnú ag an mBord Rialaithe i mí na Bealtaine 2024.



3. Oifig an Uachtaráin

3.1 Cumarsáid

Ó mhí Mheán Fómhair 2023 go mí Lúnasa 2024, lean Oifig Cumarsáide OTA uirthi ag leabú agus ag forbairt an struchtúir chumarsáide chomhtháite a tugadh isteach le linn an timthrialla tuairiscithe roimhe seo. Agus an t-athstruchtúrú bunaidh tugtha chun críche, d'aistrigh an fhoireann ó oibríochtaí eatramhacha go samhail níos comhordaithe, ar fud na hollscoile a thug tús áite don chomhoibriú, do chomhsheasmhacht teachtaireachtaí, agus do rannpháirtíocht straitéiseach le lucht féachana inmheánach agus seachtrach.

Feidhmíonn an fheidhm chumarsáide faoi struchtúr aontaithe anois. Cuimsítear gach campas ar an bhfoireann agus cuimsítear inti oifigigh thiomnaithe do chumarsáid dhigiteach, do chaidreamh réigiúnach leis na meáin, agus d'fhoilseacháin. Agus ionchorprú foirmiúil déanta ar Choláiste San Aingeal isteach go OTA an 1 Samhain 2023, leathnaigh an Oifig Cumarsáide a sainchúram chuig an naoú campas ollscoile. Cinntítear leis an tsamhail láraithe agus comhordaithe seo go bhfuil baill foirne cumarsáide ag cur le spriocanna comhroinnte agus le teachtaireachtaí ar fud na hollscoile.

I rith na bliana, lean an Oifig Cumarsáide uirthi ag déanamh an méid seo a leanas:

- **Nuachtlitir mhíosúil inmheánach foirne** a tháirgeadh agus a dháileadh.
- **Preaseisiúintí, ráitis** agus nuashonruithe a eisiúint trí **shuíomh gréasáin OTA, inlíon** agus **ardáin meán sóisialta**.

- **Iris OTA** a scaipeadh chun forbairtí institiúideacha a chur chun cinn do pháirtithe leasmhara seachtracha trí ardáin ríomhphoist agus dhigiteacha.

Bhí an tréimhse seo ina comhdhlúthú ar chumas cumarsáide OTA, rud a leag síos bunús láidir le haghaidh rannpháirtíochta amach anseo, forbairt branda, fás agus infheictheacht straitéiseach. Leanann an cur chuige comhordaithe le feasacht a chothú ar mhisean, luachanna agus tionchar OTA ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin.

3.2 Pleanáil Straitéiseach

Samhlaítear i bPlean Straitéiseach Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh OTA mar ollscoil atá nasctha ar fud an domhain agus atá leabaithe go réigiúnach agus a spreagann barr feabhais acadúil, nuálaíocht agus inbhuanaitheacht. Tá a chúig cholún dírithe ar oideachas, ar thaighde, ar éiceachóras, ar chlaochlú agus ar inbhuanaitheacht, agus treoraíonn siad a misean chun lathar agus lathuaisceart na hÉireann a shaihbhiú.

Tá Comhaontú Feidhmíochta an ÚAO (2024-2028) ag teacht leis an bhfís sin, lena leagtar síos cuspóirí intomhaiste ar fud na foghlama agus an teagaisc, taighde, rannpháirtíocht fiontair, agus forbairt réigiúnach. Tacaíonn sé le ról OTA maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin shocheacnamaíocha i réigiún éagsúil, lena gcinntítear cuntasacht trí thuairisciú bliantúil agus trí idirphlé straitéiseach leis an ÚAO, agus ag an am céanna ag cur ar chumas OTA a thionchar agus a bhonneagar a mhéadú.



3.3 Struchtúir Eagraíochta lena n-áirítear Foireann Pleanála na hOllscoile

Líostú Foireann Pleanála na hOllscoile leis na baill chaighdeánacha agus Cinn na nDámh /Cinn na Scoileanna rothlacha le linn na tréimhse 1 Meán Fómhair, 2023, go dtí an 31 Lúnasa, 2024.

Baill Fhoireann Pleanála na hOllscoile amhail an 1 Meán Fómhair 2023

- An Dr Orla Flynn, Uachtarán
- An Dr Michael Hannon, Ceann Choláiste na Gaillimhe-Maigh Eo (ar tháinig an tOllamh Graham ina áit i mí na Samhna 2023)
- Paul Hannigan, Ceann Choláiste Dhún na nGall
- Úna Parsons, Ceann Choláiste Shligigh
- An Dr Billy Bennett, Leas-Uachtarán atá freagrach as Gnóthaí Acadúla agus Clárallann
- Elizabeth McCabe, Leas-Uachtarán atá freagrach as Airgeadas
- Henry McGarvey, Leas-Uachtarán atá freagrach as Bonneagar an Champais, Oibríochtaí Acmhainní Daonna
- An tOllamh Jacqueline McCormack, Leas-Uachtarán um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú agus Forbairt Ar Líne
- An Dr Seán Duffy, Leas-Uachtarán atá freagrach as Comhtháthú OTA
- An Dr Rick Officer, Leas-Uachtarán atá freagrach as Taighde agus Nuálaíocht (*ar tháinig an Dr Des Foley ina áit, mí Eanáir 2024*)
- **Thomas Dowling** (*Ionadaí na Dáimhe ar bhonn uainíochta Lúnasa 2023 – Nollaig 2023, ar tháinig Úna Parsons ina ionad, Eanáir – Aibreán 2024 agus Graham Heaslip Bealtaine – Lúnasa 2024*)
- **An Dr Lisa Ryan** (*Ionadaí na Dáimhe ar bhonn uainíochta Lúnasa 2023 – Nollaig 2023, in ionad an Dr Joanne Gallagher, Eanáir – Aibreán 2024 agus Justin Kerr, Bealtaine – Lúnasa 2024*)
- **An Dr Breda McTaggart** (*Ionadaí na Dáimhe ar bhonn uainíochta Lúnasa 2023 – Nollaig 2023, ar tháinig an Dr Seamus Lennon ina hionad, Eanáir – Aibreán 2024 agus Michael Margey, Bealtaine – Lúnasa 2024*)
- **An Dr Amanda McCloat** (*Ionadaí na Dáimhe ar bhonn uainíochta Lúnasa 2023 – Nollaig 2023 agus Bealtaine – Lúnasa 2024, á tháinig Cáit Noone/Patrick Tobin, ina hionad Eanáir 2023 – Aibreán 2023*)

3.4 Comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021

Le linn na tréimhse tuairiscithe ó mhí Mheán Fómhair 2023 go mí Lúnasa 2024, lean Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) uirthi ag neartú a comhlíonta le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, lena n-áirítear na

hoibleagáidí nua a leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. De réir Alt 4B(b), chuir an tOifigeach Forbartha Gaeilge, a ceapadh ar chonradh lánaimseartha i mí Eanáir 2024, an t-eolas is deireanaí ar fáil i gcomhar leis an mball bainistíochta sinsearaí ainmnithe maidir le cur chun feidhme dhualgais reachtúla na hOllscoile faoin Acht.

Rinneadh dul chun cinn thar roinnt príomhréimsí, lena n-áirítear soláthar seirbhísí dátheangacha, foilsiú doiciméid oifigiúla i nGaeilge agus i mBéarla, infheictheacht na Gaeilge i gcomharthaíocht agus i bpáipéarachas, agus láimhseáil comhfhreagrais a fuarthas i nGaeilge.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le hinfheictheacht na Gaeilge a mhéadú ar fud na hOllscoile, lena n-áirítear rolladh amach leanúnach na comharthaíochta dátheangaí, úsáid na Gaeilge i bhfógraí taifeadta, agus cuimsiú na Gaeilge in ábhair bholscaireachta agus fógraíochta atá os comhair an phobail. Rinneadh tionscnaimh inmheánacha múscaillte feasachta freisin chun tacú le tuiscint na foirne agus na scoláirí ar dhualgais na hOllscoile agus chun úsáid orgánach agus chuí na Gaeilge a spreagadh ar fud shuíomhanna na hOllscoile.

Níor thuairiscigh an tOifigeach Gaeilge aon neamhréireachtaí móra le linn na tréimhse sin. Mar sin féin, sainaithníodh roinnt réimsí le haghaidh forbairt leanúnach, ina measc ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas:

- Tá caighdeánú na gcleachtas dátheangach ar fud na gcampas agus na ranna go léir ina dhúshlán leanúnach i gcónaí, go háirithe maidir le comhsheasmhacht sa chumarsáid agus sa chomharthaíocht.
- Ba chóir cur le cumas oiliúna Gaeilge do bhaill foirne chun freastal ar éileamh méadaithe agus chun tacú le seachadadh seirbhíse túslíne.
- Easpa meicníochtaí foirmiúla chun rianú nó meastóireacht inmheánach a dhéanamh ar a mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcumarsáid leis an bpobal nó laistigh den Ollscoil féin.
- Tugadh faoi deara go bhfuil foirmeacha agus teimpléid dhátheangacha ar fáil go neamhréireach, go háirithe i bhformáidí digiteacha, i roinnt aonad riaracháin.
- Teastaíonn tuilleadh airde ar fhoilsiú comhuaineach moillithe nó teoranta doiciméad áirithe i nGaeilge agus i mBéarla chun a chinntiú go gcomhlíontar amlínte reachtach.

Tá OTA fós tiomanta dá dhualgais reachtúla faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh agus tacú leis an aidhm níos leithne an Ghaeilge a chothú mar theanga bheo agus oibre laistigh de phobal na hOllscoile.

4. Gníomhaíochtaí comhtháthaithe ardleibhéil lena n-áirítear STACS

Laistigh dá chéad bhliain, chuir OTA tús le próiseas deartha eagraíochta ina raibh comhairliúcháin fairsing le páirtithe leasmhara agus d'fhostaigh sé seirbhísí comhairleoirí seachtracha chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Ollscoil maidir le Bainistíocht Athraithe agus Dearadh Eagraíochta. Leanadh den obair sin le linn 2023 agus 2024.

Thuiriscigh an Grúpa Oibre Acadúil agus an Grúpa Oibre Oibríochtaí/na Seirbhísí Gairmiúla, Bainistíochta agus Tacaíochta don Ghrúpa Comhairleach um Dhearadh i mí na Samhna 2023. Bhí ceathrar saineolaithe seachtracha (náisiúnta agus idirnáisiúnta) ón earnáil ardoideachais ar an nGrúpa Comhairleach um Dhearadh chun tacú leis an Uachtarán athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna maidir le struchtúr na heagraíochta. Measúnaíodh na roghanna go léir i gcoinne sraith chomhaontaithe de phrionsabail deartha eagraíochta. Léiríodh sna prionsabail straitéis OTA atá ag forbairt de shíor agus úsáideadh iad chun measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar na roghanna do gach ceann de na struchtúir ardleibhéil (Feidhmiúcháin, Acadúil agus na Seirbhísí Gairmiúla, Bainistíochta agus Tacaíochta).

Go luath in 2024, reáchtáil an tUachtarán sraith seisiún comhairliúcháin le gach feidhm ghairmiúil, bainistíochta agus seirbhíse tacaíochta agus le gach ceann dáimhe/scoile agus roinne. Tar éis aiseolais a fháil ó na bainisteoirí, thug an tUachtarán samhail an struchtúir eagraíochta ardleibhéil chun críche faoi dheireadh R1 2024. Dhírigh dearadh Struchtúir Feidhmiúcháin OTA ar dhá ghné, na Struchtúir Acadúla a mholann ceithre dhámh ar fud na hollscoile ina gcuimseofar Scoileanna agus Ranna. Ba é an dara comhpháirt samhail na Seirbhísí Gairmiúla, Bainistíochta agus Tacaíochta ina gcuimseofar sé ról Príomhoifigigh.

Ullmhaíodh Cás Gnó agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta é i Ráithe 2 2024, inar tugadh breac-chuntas ar an réasúnaíocht d'Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí nua OTA. Ag tús R3 2024, tar éis próiseas tairisceana, ceapadh comhairleoirí seachtracha chun cabhrú le OTA le Céim 2 dá phróiseas Deartha Eagraíochta.



Le linn na tréimhse 2023/2024, bhí Uachtarán OTA ina chathaoirleach ar chruinnithe d'Fhoireann Pleanála na hOllscoile atá sceidealaithe lena reáchtáil duine le duine (ar bhonn uainíochta i measc champais na hOllscoile) agus ar líne. Tá an grúpa ionadaíoch ar gach ceann feidhme OTA. Bíonn ceathrar ionadaithe ó Chinn na Dáimhe/Scoile páirteach ar fhoireann pleanála na hOllscoile ar bhonn uainíochta.


Faoi alt 44 d'Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta (2018), arna leasú le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022, ionchorpraíodh Coláiste San Aingeal san OTA an 01 Samhain 2023. Cuireadh tús le comhtháthú TF agus córas roimh an mbliain acadúil 2024/25, rud a chuir ar chumas fhoireann agus scoláirí Cholaiste San Aingeal rochtain a fháil ar ríomhphost OTA, MS Teams agus córais ghaolmhara.

5. Gnóthaí Acadúla, Scoláirí, Teagasc agus Foghlaim

Is í seo an dara tuarascáil ó Oifig an Leas-Uachtaráin um Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024. Ó bunaíodh OTA tá freagracht

ar oifig Oifig an Leas-Uachtaráin um Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora as: Cáilíocht, Gnóthaí Acadúla, Margaíocht, Comhairle Acadúil, agus ó mhí na Bealtaine 2024, an Creat um Fheabhsú Dearbhaithe Cáilíochta.

Cairt Eagrúcháin 31 Lúnasa 2024



Cuimsítear ar Fheidhmeannas Ghnóthaí Acadúla na hOllscoile an triúr Bainisteoirí Gnóthaí Acadúla; an cúigear Cláraitheoirí Cúnta; an Tionscadal Comhtháthaithe Córas Acadúil; an Bainisteoir Tionscadail um Oideachas Treasach; Bainisteoir Tionscadail Aistrithe Dearbhaithe Cáilíochta san Aingeal agus Oifig an Leas-Uachtaráin um Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora (Cathaoirleach).

I dtreo dheireadh na tréimhse seo, beartaíodh athstruchtúrú eile ar an bhfeidhm, agus tá an ceathrú colún le teacht faoi Ghnóthaí Acadúla (Pleanáil Acadúil, Tuairisciú agus Córais), agus leis sin déanfar athrú comhréireach ar struchtúr na hOifige Cáilíochta; cuirfear an struchtúr athbhreithnithe sin i bhfeidhm go luath sa bhliain acadúil 2024/25.


Tá sainchúram ar fud na hollscoile ag gach ceann de na Bainisteoirí Gnóthaí Acadúla agus Cláraitheoirí Cúnta, agus ag an am céanna freagracht á coinneáil as bainistíocht na foirne agus na mbuiséad ar a gcampas áitiúil; bhí an dara ceann riachtanach toisc go raibh trí chóras Acmhainní Daonna agus Airgeadais ar leith i bhfeidhm. Le linn 2024/25 déanfaimid bainistíocht foirne agus buiséad a lárú tuilleadh trí na córais chumaiscthe CORE agus AGRESSO.

Cuimsítear i bhFeidhmeannas Margaíochta na hOllscoile na Bainisteoirí Margaíochta agus Oifig an Leas-Uachtaráin um Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora (Cathaoirleach). Tagann Feidhmeannas Ghnóthaí Acadúla na hOllscoile agus Feidhmeannas Margaíochta na hOllscoile araon le chéile thart ar gach trí seachtaine,

agus bíonn ionad na gcruinnithe ag malartú idir duine le duine agus ar líne, agus ionaid chruinnithe ag déanamh uainíochta idir na campais. Ag gach cruinniú den fheidhmeannas, tuairiscíonn Oifig an Leas-Uachtaráin um Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora ar phríomhchinní agus ar shaincheistean na mBord Rialaithe, ón gComhairle Acadúil agus ó fhoireann pleanála na hOllscoile. Tuairiscíonn gach duine de na bainisteoirí ar a ngníomhaíochtaí ar fud OTA, ar dhul

chun cinn maidir le comhtháthú, polasáí, forbairtí maidir le nósanna imeachta agus próisis, buiséid agus soláthar foirne. Tá cruinnithe den fheidhmeannas tábhachtach maidir le hobair na bhfeidhmeanna Cáilíochta, Gnóthaí Acadúla agus Margaíochta a bhainistiú, a phleanáil agus a chur in iúl. Cuireann na cruinnithe fóram ar fáil chun gníomhaíochtaí a ailíniú leis an bPlean Straitéiseach (Cuid 8) agus lenár bhfreagrachtaí faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide (Cuid 9).

Oifig an Leas-Uachtaráin um Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora – Creat Tuairiscithe



5.1 An Chomhairle Acadúil

Tá bunús reachtúil ag an gComhairle Acadúil faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018 arna leasú le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022. Tá freagracht ar an mBord Rialaithe na rialacháin a leagan amach maidir le hoibriú na Comhairle Acadúla maidir le líon na gcomhaltaí, á roghnú agus á gceapachán, téarma oifige, Buan-Orduithe, agus critéir eile maidir le hoibriú. Cuimsítear i gComhairle Acadúil OTA foireann agus bainisteoirí acadúla tofa agus ex officio, ionadaithe scoláirí agus foireann riaracháin. Leagtar amach feidhmeanna na comhairle Acadúla faoi Chaibidil 5 d'Acht na nOllscoileanna Teicniúla, i mbeagán focal déantar amhlaidh arm haith leis an méid seo a leanas:

- Rialú a dhéanamh ar ghnóthaí acadúla na hOllscoile Teicneolaíochta, lena n-áirítear curaclam an teagaisc agus an oideachais a chuireann an Ollscoil Teicneolaíochta ar fáil.
- Ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil.
- Tá oibríocht na Comhairle féin faoi réir athbhreithnithe.

Seo thíos sceideal chruinnithe na Comhairle Acadúla don tréimhse tuairiscithe:

- 15 Meán Fómhair (ar líne)
- 27 Deireadh Fómhair 2023 (Dún na nGall, campas Leitir Ceanainn)
- 8 Nollaig 2023 (ar líne)
- 9 Feabhra 2024 (ar líne)
- 19 Aibreán 2024 (campas Chathair na Gaillimhe)
- 17 Meitheamh 2024 (ar líne)

Is é an tUachtarán Cathaoirleach na Comhairle agus bíonn sé/sí ina chOathaoirleach ar gach cruinniú nuair a bhíonn sé/sí i láthair. Is é an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora Rúnaí na Comhairle. Féadfaidh an Chomhairle aon líon coistí a bhunú a mheasfaidh sí is gá i sainréimsí chun cabhrú léi ina cuid oibre. Féadfar comhaltaí an choiste a tharraingt ón gComhairle Acadúil agus ó bhail eile d'foireann OTA. Bhunaigh an Chomhairle na sé Choiste seo a leanas chun cabhrú léi ina cuid oibre:

- Pleanáil agus Straitéis Acadúil
- Clár Acadúla

- Caighdeán Acadúla agus Polasaí
- Teagasc, Foghlaim agus Measúnú
- Eispéireas agus Rochtain na Scoláirí
- Taighde agus Nuálaíocht

Roinntear an clár oibre agus na doiciméid don Chomhairle Acadúil seachtain amháin roimh na cruinnithe trí shuíomh SharePoint na Comhairle Acadúla. Sábháiltear na miontuairiscí arna bhformheas ar mhol na foirne le go bhfeicfidh gach ball foirne iad agus seoltar meabhrúchán chuig gach ball foirne nuair a bheidh siad ar fáil. Roinntear iad leis an mBord Rialaithe freisin. Roinntear na Gníomhaíochtaí agus na Cinntí ón gComhairle Acadúil le foireann planála na hOllscoile.

Tá achoimre ar phríomh-obair na Comhairle le fáil thíos:

Arna fhorghheas ag an gComhairle Acadúil 2023/24	Iomlán
Athbhreithniú ar Pholasaithe	3
Polasaithe Nua	12
Mórchláir	11
Dámhachtainí Micridhintiúr	29
Dámhachtainí Sainchuspóra	13
Bailíochtuithe Difreálacha	10
Comhaontuithe Comhair	5

Tábla 1: Achoimre ar na míreanna arna bhformheas ag an gComhairle Acadúil (2023/24)

5.2 Oifig Cáilíochta

Polasaí Acadúil agus Gnóthaí Rialála

Tá freagracht ar fud na hOllscoile as polasaí acadúil agus gnóthaí rialála ag an Dr Aodhmar Cadogan, an Cláraitheoir Cúnta, lena n-áirítear na réimsí seo a leanas:

- Polasaí Marcanna agus Caighdeán agus próisis ghaolmhara
- Comhar agus Comhpháirtíochtaí
- Bainistiú ar Scrúduithe Seachtracha
- Rialú Doiciméad agus Tacú le forbairt Chreat Dearbhaithe Cáilíochta agus Feabhsaithe Cáilíochta
- Tacú le comhtháthú champas OTA San Aingeal

Polasaí Marcanna agus Caighdeán

Tá na rialacha agus na rialacháin maidir le dámhachtainí scoláirí a mheasúnú mionsonraithe sa Pholasáí Marcanna agus Caighdeán. Rinneadh é sin a athbhreithniú faoi dhó sa tréimhse athbhreithnithe bunaithe ar aiseolas agus úsáid in 2022/23. Cuireadh físeáin oiliúna taifeadta do Mharcanna agus Caighdeán ar fáil ar leithligh don fhoireann agus do scoláirí.

Comhar agus Comhpháirtíochtaí

Tháinig Coiste Comhair agus Comhpháirtíochtaí fhoireann planála na hOllscoile le chéile go rialta i rith na bliana agus rinneadh roinnt athruithe ar an mballraíocht agus ar an gcathaoirleach. Mhol an coiste comhar agus dréacht-chomhaontuithe agus déanann sé moltaí deiridh don Uachtarán/d’foireann planála na hOllscoile. Tá an dearbhú cáilíochta do chláir chomhair á rialú ag AQAE038 Soláthar Comhair Pholasaí na gClár, arna fhorghheas i mí Aibreáin 2024.

Leanann bainistíocht riarachán na gclár comhair do dhá Institiúid Árachais ar aghaidh, agus méadú suntasach ann ar líon na scoláirí agus ar fhorbairt clár.

Bainistíocht ar Scrúduithe Seachtracha

Tá comhdhlúthú agus comhtháthú an Scrúdaithe Seachtraigh tugtha chun críche den chuid is mó. Rinneadh gach conradh Scrúdaitheoirí Seachtracha dar tús an 01 Deireadh Fómhair 2023 a ailíniú. Ailíníodh critéir chun Scrúdaitheoirí Seachtracha a cheapadh ó Mheán Fómhair 2023 agus cuireadh ar bhonn foirmiúil iad le formheas Nós Imeachta AQAE014 don Scrúdú Seachtrach i mí na Nollag 2023. Mar chuid den ullmhúchán don Tuarascáil Féinmheastóireachta Institiúideach (ISER) do CINNTE, tugadh chun críche suirbhé ar Scrúdaitheoirí Seachtracha gníomhacha i lár mhí Feabhra 2024. Fuarthas 101 fhreagra san iomlán ó 323 Scrúdaitheoirí Seachtracha gníomhacha. Ar an iomlán, freagra dearfach a bhí ann ón suirbhé tar éis aiseolas an-mhaith agus luachmhar a sholáthar le haghaidh feabhsuithe amach anseo.

Tacú le Creat Dearbhaithe agus Feabhsaithe Cáilíochta a fhorbairt

Tá níos mó dul chun cinn déanta sa tréimhse athbhreithnithe, le forbairt an chreata Dearbhaithe agus Feabhsaithe Cáilíochta i.e. beartais agus nósanna imeachta aontaithe don Ollscoil, faoi stiúir na Foirne Dearbhaithe Cáilíochta agus Feabhsaithe Cáilíochta (féach Cuid 7 thíos). Ceadaíodh méid substainteach caighdeán dámhachtana (12) agus foirmeacha (8). Leanfar leis an obair seo don chéad bhliain acadúil eile, ag tabhairt tús áite do réimsí bunaithe ar riachtanas acadúil, rioscaí, agus stádas doiciméad oidhreachta.

Tá an Stór Polasaithe agus Nósanna Imeachta ag forbairt i gcónaí chun úsáid agus inrochtaineacht a fheabhsú, tháinig méadú ar líon iomlán na ndoiciméad formheasta ó 12 go 43 faoin 31 Lúnasa 2024.

Tacú le Comhtháthú champas San Aingeal

Leagadh amach in achtú Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 20182 (Acht OT) an próiseas comhdhlúthaithe agus cumaisc d’earnáil na hInstitiúide Teicneolaíochta agus soláthraíodh an bunús reachtach chun OTA a fhoirmiú. Faoi alt 44 d’Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018, arna leasú le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022, rinneadh Coláiste San Aingeal a chorprú go hiomlán in OTA an 1 Samhain 2023 chun a bheith ina OTA San Aingeal. Ligfidh sé seo do chomhaontú soláthraithe nasctha 2022 idir San Aingeal agus Institiúid Teicneolaíocht Shligigh/OTA scor. Bainistítear gach taifead scoláire anois i gcóras Banner OTA agus tá bainistíocht curaclaim, airgeadais, acmhainní daonna agus córais eile ailínithe anois. Críochnófar aon ailíniú atá fágtha ar chórais faoi dheireadh 2024.

Teideal na Tuarascála		Curtha faoi bhráid
1	Tuarascáil ar Pholasaí Acadúil agus ar Ghnóthaí Rialála	An Chomhairle Acadúil

Tábla 2: Tuarascálacha arna dtáirgeadh ag Polasaí Acadúil agus Gnóthaí Rialála 2023/24

Caighdeáin Cháilíochta agus Comhlíonadh

Chuaigh Declan Courell isteach san Oifig Cáilíochta mar Chláraitheoir Cúnta tar éis chomhtháthú Choláiste San Aingeal in OTA. Bhí sé ina Chláraitheoir ar Choláiste San Aingeal roimhe sin. Ghlac Declan freagracht as feidhmeanna éagsúla laistigh den Oifig Cáilíochta, lena n-áirítear ballraíocht sa Ghrúpa Comhordaithe CINNTE agus Cathaoirleach an Choiste Cumarsáide CINNTE.

Chomhoibrich sé leis an Dr Aodhmar Cadogan chun nósanna imeachta éagsúla a bhaineann le Marcanna agus Caighdeáin a fhorbairt. Nuair a bheidh dréacht-nósanna imeachta daingnithe, dearfar foirmeacha WebApp ar líne agus sreafaí próisis. Táthar ag tabhairt aghaidh ar cheanglais maidir le cosaint sonraí. Cuideoidh na foirmeacha ar líne seo le sonraí riachtanacha a thiomsú chun críocha monatóireachta agus tuairiscithe cáilíochta.

A luaithe a dhaingneofar nósanna imeachta, déanfar bainistiú agus maoirseacht ar Ghearáin Scoláirí OTA agus Éisteachtaí Araíonachta OTA a lárú chun próiseas cuíchóirithe, éifeachtúil agus comhsheasmhach a bhaineann le Gearáin Scoláirí agus Éisteachtaí Araíonachta a chinntiú.

Teideal na Tuarascála		Curtha faoi bhráid
1	Tuarascáil ar Chaighdeáin agus ar Chomhlíonadh na hOifige Cáilíochta	An Chomhairle Acadúil

Tábla 3: Tuarascálacha arna dtáirgeadh ag Caighdeáin Cháilíochta agus Comhlíonadh 2023/24

Pleanáil agus Creidiúnú Clár Acadúil

In 2023/24, rinne 52 theaghlach nua clár bailíochtú agus d’fhorpheas an Chomhairle Acadúil iad mar a leagtar amach i dTábla 4.

Cineál Cláir*	Líon na mBailíochtuithe
Dochtúireacht	0
Máistreacht	10
Ard-Diplóma	0
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha)	2
Baitsiléir Ab initio	0
Dámhachtainí SPA/ Miondámhachtainí/Dámhachtainí breise	5
Bailíochtaithe Dífreálacha	35
Iomlán	52

*Lena n-áirítear an dámhachtain is airde i ‘réimse’ na gclár amháin.

Tábla 4: Achoimre ar Bhailíochtaithe Clár 2023/24

Le linn na tréimhse céanna rinneadh athruithe ar 41 chlár, lena n-áirítear 16 Bhailíochtú Dífreálach, agus rinneadh 20 aighneacht chun modúil a leasú de réir polasaí. Féach Tábla 5.

Athruithe ar Chláir/ar Mhodúil a Próiseáladh 2023/24	Iomlán
Cineál A Athruithe Móra ar Chláir	16
Cineál B Mionathruithe ar Chláir	25
Cineál C Athruithe Móra ar Mhodúil	15
Cineál D Mionathruithe ar Mhodúil	5
Iomlán	61

Tábla 5: Cineálacha Athruithe ar Chláir agus ar Mhodúil 2023/24

Le linn na tréimhse tuairiscithe rinneadh 23 thogra cláir nua a fhorbair le haghaidh mórdhámhachtaí mar a leagtar amach i dTábla 6.

Tograí ag Dámha Eatramhacha 2023/24	lomlán
Gnó	2
Oideachas, Dearadh agus Daonnachtaí	1
Innealtóireacht agus Ríomhaireacht	7
Eolaíocht agus Sláinte	13
lomlán	23

Tábla 6: Tograí de réir Dámha Eatramhacha 2023/24

Cruthaíodh mol acmhainní chun tacú le baill foirne a bhfuil baint acu le modúil agus cláir a fhorbairt, a bhailíochtú agus a mhodhnú agus rinneadh faisnéis, naisc, amlínte, físeáin agus Ceisteanna Coitianta ábhartha a chur ann roimh ré, mar chuid de SharePoint na hOifige Cáilíochta ar StaffHub (Mol don Fhoireann).

Uasghrádaíodh Bainisteoir an Mhodúil Acadúil go leagan 4.0 i ngach coláiste oidhreacht tar éis tástáil fhairsing agus tógáil doiciméadacht nua aschuir agus doiciméid agus físeáin chabhrach. Tugadh chun críche ionchur na modúl (1,900) agus na gclár (464) ó champas Dhún na nGall ar Bhainisteoir an Mhodúil Acadúil agus tugadh eolas do na baill foirne faoin gcóras trí sheisiún eolais ar líne. Cuireadh clár Choláiste San Aingeal leis ina dhiaidh sin.

Tar éis fhorbair an pholasáí micridhintiúir, forbraíodh córais agus próisis chun gur féidir iad a fhorbair, agus rinneadh an chéad mhicridhintiúir a bhailíochtú i mí an Mheithimh.

Tiomsaíodh clár de Chomhlachtaí Gairmiúla, Reachtúla agus Rialála a aithníonn cláir OTA. Tugann 40 comhlacht aitheantas do bheagnach 100 clár. Mar chuid d'oibleagáid OTA maidir le faisnéis phoiblí forbraíodh rannóg Dearbhaithe Cáilíochta den láithreán gréasáin ina dtugtar rochtain ar an gCreat Dearbhaithe agus Feabhsaithe Cáilíochta, agus faisnéis ar an gComhairle Acadúil, ar cháilíocht an chlár, ar mhonatóireacht agus ar athbhreithnithe.

Teideal na Tuarascála	Curtha faoi bhráid
1 Tuarascáil ar Phunann an Chláir	An Chomhairle Acadúil

Tábla 7: Tuarascálacha arna dtáirgeadh ag Pleanáil Cláir Acadúil agus Creidiúnú 2023

Aitheantas Acadúil agus Dearbhú Cáilíochta Taighde

Rinne an grúpa oibre um Rochtain, Aistriú agus Dul Chun Cinn agus QAET comhordú ar thabhairt isteach Polasaí Rochtana, Aistrithe agus Dul Chun Cinn AQAE037. Leanann an tAonad um Aitheantas Réamhfhoghlama de bheith ag obair chun gealltanais OTA faoi thionscadal Aitheantas Réamhfhoghlama Náisiúnta Thionscnamh an Chaipitil Dhaonna/Chumann an Ardoideachais Teicneolaíoch a chomhlíonadh. Comhordaíonn an tAonad um Aitheantas Réamhfhoghlama gníomhaíochtaí um Aitheantas Réamhfhoghlama, lena n-áirítear iarratais um Aitheantas Réamhfhoghlama ar iontráil, ardiontráil agus díolúintí ó mhodúil. Soláthraíonn an t-aonad um Aitheantas Réamhfhoghlama tacaíocht bhreise do na dámha as a leanann cumas feabhsaithe chun déileáil leis an líon méadaitheach de cheisteanna ar Aitheantas Réamhfhoghlama a fhaigheann OTA.

Oibríonn OTA an Coiste Iontrálacha Taighde larchéime chun gach iontráil nua do scoláirí MRes agus PhD a cheadú. Formheasann an Coiste Iontrálacha Taighde larchéime aistrithe scoláirí atá ann cheana ó MRes Leibhéal 9 go PhD Leibhéal 10. Thacaigh oibriú an Choiste Iontrálacha Taighde larchéime le forbairt dea-chleachtais roinnte ar fud na hOllscoile agus d'éascaigh sé formheas le haghaidh clárú gach duine de 60 scoláire PhD na Fiontraíochta Tacaíochta don Taighde agus don Nuálaíocht de chuid na nOllscoileanna Teicneolaíochta in OTA; 34 scoláire nua agus/nó scoláire aistrithe chuig PhD; agus 5 scoláire MRes. Foráiltear i bPolasaí Céime Taighde AQAE011 do leanúint ar aghaidh an Choiste Iontrálacha Taighde larchéime agus sainchúram leathan agus ballraíocht OTA aige.

Teideal na Tuarascála	Curtha faoi bhráid
1 Tuarascáil Bhliantúil maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama agus Conairí Oideachais Threasaigh	An Chomhairle Acadúil

Tábla 8: Tuarascálacha arna dtáirgeadh ag Aitheantas Réamhfhoghlama agus Conairí Oideachais Threasaigh 2023/24

Sonraí Cáilíochta, Tuairisciú agus Pleanáil

Tá freagracht ar fud na hOllscoile ag Aedín O'Heocha, Cláraitheoir Cúnta, as Sonraí Cáilíochta, Tuairisciú agus Pleanáil. Coinníodh limistéar ar an Mol don Fhoireann, atá tiomnaithe do thuairiscí agus do dheaiseanna a chur ar fáil don fhoireann ar fud OTA, agus liostaítear thíos sraith tuarascálacha agus deaiseanna, a d'fhorbair an Oifig um Shonraí Cáilíochta, Tuairisciú agus Pleanáil:

Tuarascálacha a tháirgtear leis an bhfeidhm seo in 2023/24		Curtha faoi bhráid
1	Céimithe 2023	An Chomhairle Acadúil
2	Líon na Scoláirí 2023/24	An Chomhairle Acadúil agus an Bord Rialaithe
3	Príomhfhórais agus Figiúirí 2023/24	An Chomhairle Acadúil agus an Bord Rialaithe
4	Ráta Coinneála agus Pas	An Chomhairle Acadúil
5	Dul chun cinn na Chéad Bhliana 2022/23 isteach go 2023/24	An Chomhairle Acadúil

Tábla 9: Tuarascálacha arna dtáirgeadh ag Sonraí Cálíochta, Tuairisciú agus Pleanáil 2023/24


Tá líon seachtainiúil na scoláirí ar fail don fhoireann freisin trí Power BI Oibriúcháin agus tá na tuairiscí thuas ar fail don fhoireann freisin. Thíos tá forbheathnú ar líon scoláirí OTA le trí bliana acadúla anuas, lena léirítear méadú 13% ó 2021/22 go 2023/24.

5.3 Gnóthaí Acadúla

Iontrálacha

Dúnadh an chéad séasúr de Lár-Oifig Iontrála OTA an 5 Deireadh Fómhair 2023 agus glacadh glan le 4,701 scoláire; in 2022/23, rinneadh iontrálacha na Lár-Oifige Iontrála a bhainistiú trí na struchtúir oidhreacht. Tar éis dheireadh na Lár-Oifige Iontrála, bhí cruinniú duine le duine ag an bhfoireann Iontrála a bhí ar siúl ar champas Shligigh chun na próisis agus na nósanna imeachta agus aon athruithe beartaithe don séasúr dár gcionn a phlé. Leanadh ar aghaidh le cruinnithe seachtainiúla i rith na bliana. Bhí comhdhálacha na Lár-Oifige Iontrála ar siúl am chéad choicís de mhí na Samhna. Ba dheis iad sin don Bhainisteoir Gnóthaí Acadúla (Iontrálacha) aon athruithe/ rud breise ar ár bpunann Lár-Oifige Iontrála a chur i láthair do Chomhairleoirí Treorach ar fud na hÉireann.

Bhí an Oifig Iontrála i láthair ar na trí Lá Oscailte ar gach príomhchampas agus thug sí caint agus cur i láthair do thuismitheoirí agus d'iarratasóirí ionchasacha. Seachadadh an cur i láthair céanna ar gach Lá Oscailte ag cinntiú gur seachadadh an teachtaireacht chéanna beag beann ar shuíomh an champais. Cuireadh tús leis an obair ar an bpolasaí nua um Rochtain, Aistriú agus Dul Chun Cinn go luath i mí Dheireadh Fómhair. Bhí an Bainisteoir Gnóthaí Acadúla (Iontrálacha) mar chuid den ghrúpa oibre a chuir leis an bpolasaí sin. Rinneadh an polasaí a fhorghas ag an gComhairle Acadúil an 19 Aibreán 2024.



I mí an Mhárta 2024, bhuail an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora agus an Bainisteoir Gnóthaí Acadúla (Iontrálacha) le gach ceann de na 13 Scoil/Dámh ar fud na hOllscoile chun leithdháileadh na Lár-Oifige Iontrála a phlé agus chun cláir fhéideartha a chinneadh nach mbeadh inmharthana a réachtáil. Cruinnithe duine le duine a bhí iontu sin ar an gcampas ar a raibh an scoil bunaithe leis na Cinn Scoile/ Dáimhe agus Cinn Roinne.

Eisíodh deimhniú foirmiúil ansin don Bhainisteoir Gnóthaí Acadúla (Iontrálacha). Mar thoradh ar na cruinnithe sin, baineadh 13 chlár de Lámhleabhar na Lár-Oifige Iontrála do 2025 agus níor tairgeadh 10 gclár do 2024. Rinneadh tuilleadh plé le linn na seachtaine de leithdháiltí Bhabhta 1. Mar thoradh ar na cruinnithe sin níor eisigh sé chlár san iomlán aon tairiscint i mBabhta 1 2024. Le linn mhí an Mheithimh agus mhí Iúil, rinneadh nósanna imeachta a ailíniú tuilleadh chun iarratasóirí lánfhásta a mheasúnú tríd an Lár-Oifig Iontrála agus dóibh siúd a raibh Scrúduithe Scoile Eile á gcur i láthair acu.

Rinneadh an próiseas iarratais ar iarchur agus an próiseas um Aistriú Inmheánach araon a ailíniú ar fud OTA agus tugadh foirmeacha ar líne isteach chun cabhrú leis na hiarratais idirchampsais.

Teideal na Tuarascála		Curtha faoi bhráid
1	Tuarascáil Iontrála	An Chomhairle Acadúil / Foireann Pleanála na hOllscoile

Tábla 10: Tuarascálacha arna dtáirgeadh ag an Oifig Iontrála 2023/24

Clárú, Deontais agus Táillí

Tá freagracht ar fud na hOllscoile as clárú, táillí agus deontais ag Deirdre Johnston, Bainisteoir Gnóthaí Acadúla. Ba iad seo a leanas na príomhréimsí fócais le linn na tréimhse tuairiscithe: Polasaí Táillí OTA, Coiste Táillí OTA, forbairt nósanna imeachta ábhartha. Dhréachtaigh an Bainisteoir Gnóthaí Acadúla, i gcomhairle leis an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora Polasaí Táillí OTA a d'fhorghas Foireann Pleanála Ollscoil OTA (foireann pleanála na hOllscoile) an 29 Samhain 2023 agus Bord Rialaithe OTA an 11 Nollaig 2023.

Dhréachtaigh an Bainisteoir Gnóthaí Acadúla, i gcomhairle leis an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus leis an gCláraitheoir, Polasaí Táillí OTA a d'fhorghas Bord Rialaithe OTA an 11 Nollaig 2023. Mar a rinneadh a fhorghas i bPolasaí Táillí OTA, bunaíodh an Coiste Táillí chun an Sceideal Táillí a mhaoirsiú agus a athbhreithniú lena fhorghas don Údarás Rialaithe. Cinnteoidh an Coiste Táillí go mbeidh OTA iomaíoch i gcónaí maidir le táillí a shocrú do chlárú taighde iarchéime, ar líne, solúbtha agus forbartha gairmiúla i gcomparáid le hinstiúidí ardoideachais eile.

D'oibrigh na foirne Clárúcháin go dlúth chun cumarsáid le scoláirí a ailíniú tuilleadh, ag tógáil ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara éagsúla. Cruthaíodh ríomhphoist chlárúcháin a bhaineann go sonrach leis an gcampas chun na freagraí ar cheisteanna ó scoláirí a fheabhsú. D'úsáid gach campas na cóid nua stádas chlárúcháin ailínithe agus na cóid stádais chlárúcháin ó mhí Mheán Fómhair 2023.

Teideal na Tuarascála		Curtha faoi bhráid
1	Clárú, Deontais agus Táillí	An Chomhairle Acadúil /UPT

Tábla 11: Tuarascálacha arna dtáirgeadh ag Clárú, Deontais agus Táillí 2023/24

Scrúduithe, Bronnadh agus Iontrálacha Idirnáisiúnta

Tá freagracht ar Ger Gavin, Bainisteoir Gnóthaí Acadúla as gach Bronnadh agus Scrúdú OTA a sheachadadh. Bhí searmanais bhronnta ar siúl i nDún na nGall, i Sligeach, i Maigh Eo, i gConamara agus i nGaillimh. 20 searmanas ar fad a bhí ann agus bronnadh 4,725 mhórdhámhachtain ar scoláirí ó Leibhéal 6 go dtí Leibhéal 10. Mar gur éirigh go maith leis an searmanas breise don dara pointe imeachta i mí na Bealtaine 2023 chun gur féidir Leibhéal 6 go 10 a bhronnadh ar scoláirí a raibh amanna tosaithe neamhchaighdeánacha acu nó a raibh céimeanna taighde etc. á bhfáil acu, cuireadh an dara hionad i nDún na nGall le Bronnadh an Earraigh a bhí ar siúl i mí na

Bealtaine 2024. Bhí os cionn 300 céimí OTA san iomlán á n-óstáil in éineacht lena dtuismitheoirí agus lena n-aíonna i nDún na nGall agus i nGaillimh.

Déantar bainistiú lárnach ar sheachadadh na Scrúduithe agus feidhmíonn sé go háitiúil agus ceathrar Oifigeach Scrúduithe ann a dhéanann ionadaíocht ar an bhfeidhm i nDún na nGall, i Sligeach, i Maigh Eo agus i nGaillimh. Faigheann oifig na Scrúduithe tacaíocht freisin ó bhaill foirne ar champas Chonamara agus an Chreagáin i seachadadh na scrúduithe. Feidhmíonn feidhm na scrúduithe freisin ó dhá shuíomh i mBaile Átha Cliath trí huaire sa bhliain mar thacaíocht do na foghlaimoirí ar líne agus cianfhoghlaimoirí. I mí na Bealtaine 2023 bhí díreach faoi bhun 20,000 scoláirí ag tabhairt faoi scrúduithe. De réir mar a leanann Oifig na Scrúduithe de bheith ag fás agus ag tacú leis na foghlaimoirí, breathnaíonn sí go leanúnach ar bhealaí chun tacú leis na riachtanais ar nós ionaid bhreise scrúduithe agus soláthar scrúduithe ar líne a ndéantar feitheoireacht orthu nuair is infheidhme.

Bronnadh Céimeanna 2023/24

Cineál Dámhachtana	Líon na gCéimithe
Ardteastas	292
Bunchéim Pas	1179
Bunchéim Onóracha	2197
Ard-Diplóma	301
Diplóma larchéime	321
Máistreacht Mhúinte (larchéime)	409
Máistreacht trí Thaighde (larchéime)	17
PhD (larchéime)	9
Iomlán	4725

Tábla 12: Miondealú ar Chéimithe de réir an chineáil dámhachtana 2023/24

Teideal na Tuarascála		Curtha faoi bhráid
1	Scrúduithe agus Bronnadh	An Chomhairle Acadúil /UPT

Tábla 13: Tuarascálacha arna dtáirgeadh ag Scrúduithe agus Bronnadh 2023/24

Comhtháthú Córas Acadúil

Tá Anne-Marie McCormack, Bainisteoir Tionscadail Comhtháthaithe Córas Acadúil, i gceannas ar thionscadal Comhtháthaithe Córas Acadúil na hOllscoile agus í ag díriú go príomha ar Chóras Bainistíochta Taifead Scoláirí

Banner™ cumaiscthe a chur chun feidhme, an chéad chumasc dá leithéid san earnáil.

Le linn na tréimhse tuairiscithe sin lean an Bainisteoir Tionscadail Comhtháthaithe Córas Acadúil agus foireann an tionscadail ar aghaidh ag obair ar ailíniú na bpróiseas gnó laistigh de réimse na ngnóthaí acadúla mar ullmhúchán do chumasc an chórais. D'oibrigh an fhoireann go dlúth leis na Bainisteoirí Gnóthaí Acadúla agus le Scoileanna/Ranna ar mhaithe le próisis ghnó bharrainneacha a thabhairt isteach ar fud na hOllscoile. Éascaíodh bainistíocht athruithe trí mheithleacha ar fud na hOllscoile le hionadaithe ó gach réimse oibríochtúil laistigh de ghnóthaí acadúla a sholáthraíonn fóram le haghaidh comhairliúcháin le húsáideoirí deiridh sula gcuirtear córas aonair Banner™ chun feidhme.

I R2 2024, d'éirigh leis an bhfoireann cur i bhfeidhm céimneach na céime teicniúla agus céim phíolótach de chóras bainistíochta páipéar scrúdaithe GURU ar champas Dhún na nGall a bhainistiú chomh maith leis an gcéim theicniúil den chur i bhfeidhm ar champas San Aingeal i R3 2024 a chur i gcrích. Tá cur i gcrích na gcéimeanna cur chun feidhme beartaithe agus de réir sceidil do R4 2024.

Le linn mhí Aibreáin/mhí na Bealtaine 2024 chuaigh OTA i mbun cleachtadh scóipe domhaintumadóireachta le Ellucian agus DXC chun measúnú a dhéanamh ar na riachtanais maidir leis an Ráiteas Oibreacha mionsonraithe do chéim deartha agus cur chun feidhme an chumaisc. Táthar ag súil leis an ráiteas deiridh ar oibreacha i Ráithe 4 2024.

Clár Píolótach Oideachais Threasaigh

I mí Mheán Fómhair 2023 cláraíodh an chéad chohórt scoláirí san Oideachas Treasach. Thug Braisle Oideachais Threasaigh an larthair/an larthuaiscirt faoina dturas ardoideachais i suíomh breisoideachais. Chláraigh

54 scoláire ar an gconaire Altranais ar fud bhraisle Oideachais Threasaigh an larthair/an larthuaiscirt, 18 in aghaidh an ionaid. Chríochnaigh na scoláirí i nDún Mór (GRETb), Sligeach (MSLETb) agus Leitir Ceanainn (BOO Dhún na nGall) Staidéar Altranais Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann L5 i mbliain 1, ag dul ar aghaidh chuig campas OTA atá ailínithe leis an BOO nuair a d'éirigh leo an riachtanas idirdhealaithe a chomhlíonadh agus an mhórdhámhachtain iomlán a chur i gcrích.

Níor reáchtáladh cláir chéime threasacha, BSc san Eolaíocht Thionsclaíoch, BSc (Onóracha) sna Teicneolaíochtaí Innealtóireachta Inbhuanaithe agus BB (Onór.) sa Ghnó do 2023/24. Dá ráchtálfaí na cláir agus líon íseal scoláirí ag freastal orthu bheadh tionchar díobhálach aige sin ar eispéireas na scoláirí agus ar cháil na hinstitiúide araon. Mhol an Oifig Náisiúnta Threasach an cinneadh sin (agus thacaigh sí leis).

Ceapadh Claire Fiddaman mar Chomhordaitheoir Forbartha an Chláir um Oideachas Treasach i mí na Samhna 2023 agus lean sí ar aghaidh le hobair Jacinta Ryan. Cruthaíodh ábhair mhargaíochta, bholscaireachta agus eolais, freastalaíodh ar imeachtaí seachtracha ar nós Ardghanna, Cruinniú Mullaigh Scoile, Aontaí Breisoideachais agus Oiliúna chomh maith le go leor cuairteanna iar-bhunscoile. Cuireadh plean margaíochta le chéile agus roinneadh é le Boird Oideachais agus Oiliúna lena chur chun feidhme chun feasacht ar na roghanna Oideachais Threasaigh ag OTA a mhéadú, (Meán Fómhair 2023 go Bealtaine 2024).

Chríochnaigh scoláirí na conaire altranais a gcuid staidéir i mí an Mheithimh, tugadh cáilíochtaí agus seiceálacha incháilitheachta chun críche i mí Iúil chun dul ar aghaidh chuig OTA a dheimhniú agus eisíodh iad i mí Iúil, de réir Bhabhta O na Lár-Oifige Iontrála. Bhí difríochtaí suntasacha ann maidir le rath agus gnóthachtáil na scoláirí idir na hionaid.

Centre	Cláraithe	Tugtha chun críche	Gnóthachtáil				Lár-Oifig Iontrála	Chuaigh ar aghaidh chuig OTA
			Gan aon Dámhachtain	Comhpháirt	Iomlán	5 Ds		
Leitir Ceanainn, Bord Oideachas agus Oiliúna Dhún na nGall	18	18	2	5	11	8	0	8
Breisoideachas agus Oiliúint Dhún Mór, Bord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin	18	18	3	2	13	9	0	9
Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Shligigh, Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma	18	18	1	1	16	16	5	11
Iomlán	54	54	6	8	40	33	5	28

Tábla 14: Bealach Rochtana ar Oideachas Treasach go Gnóthachtáil san Altranais agus Dul Chun Cinn, mí Lúnasa 2024



Céim 2 den Tionscadal: Faoi lán seoil tá deiseanna dul chun cinn agus conairí a sheachadadh idir OTA agus a chomhpháirtithe BOO. Is iad is cuspóirí ar an gcéad dul síos na conairí dul chun cinn breise chuig an ardoideachas a aithint, idir dheiseanna forbartha atá ann cheana agus dheiseanna forbartha féideartha d'ardiontráil ó Leibhéal 6 agus iontráil go bliain 1 araon. Ar an dara dul síos, na bacainní a théann i bhfeidhm ar dhul chun cinn ó bhreiseoidheachas go hardoidheachas a aithint agus a bhaint. Idir mí Iúil agus mí Lúnasa 2023 rinneadh gach clár Leibhéal 5 agus Leibhéal 6 a thiomsú agus a nascadh le sonraíochtaí dámhachtana agus modúil Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. Rinneadh na hardchonairí iontrála atá ann cheana a mhionsonrú agus a nuashonrú. Meabhráin Tuisceana agus comhaontuithe forchéimnithe atá le tabhairt isteach agus/nó le nuashonrú in 2024/25.

Chabhraigh an tionscnamh um Oideachas Treasach le forbairt clár ar fud na hOllscoile ag cruthú conairí forchéimnithe do níos mó scoláirí ón earnáil Breisoideachais agus Oiliúna go dtí an t-ardoidheachas.

Tionscadal Aistrithe Dearbhaithe Cáilíochta OTA Choláiste San Aingeal

Sular ionchorpraíodh Coláiste San Aingeal, Sligeach, in OTA i mí na Samhna 2023, rinneadh é a fhorhmeas mar sholáthraí nasctha de chuid OTA Shligigh i mí na Bealtaine 2022. Cuireadh na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomhaontú soláthraithe nasctha i gcrích le linn na tréimhse tuairiscithe seo, agus níl sé in úsáid a thuilleadh. Comhlíonadh na príonsabail aistrithe a aontaíodh le hOllscoil na Gaillimhe agus fanann siad i bhfeidhm do na scoláirí sin a gheobhaidh dámhachtain de chuid Ollscoil na Gaillimhe.

Chun tacú leis an ionchorprú san OTA, agus chun maoirseacht a dhéanamh ar dhearbhu cáilíochta agus ar na comhaontuithe soláthraithe nasctha, ceapadh an Dr Marie Moran mar Bhainisteoir Tionscadail Aistrithe Dearbhaithe Cáilíochta don bhliain acadúil 2023/24. Glacadh le gach polasaí agus nós imeachta OTA i gColáiste San Aingeal OTA, le polasaithe agus nósanna imeachta oidhreacht Ollscoil na Gaillimhe agus Coláiste San Aingeal OTA fós i bhfeidhm nuair ba ghá. Rinneadh bainistíocht ar gach clár de chuid OTA, ar chlárúcháin na scoláirí, ar thaifid acadúla agus ar phróisis acadúla trí úsáid a bhaint as córais OTA. Áiríodh leis sin gach forbairt nua clár agus bord scrúdaithe. Rinneadh athbhreithniú ar gach clár mar ullmhúchán do chur chun feidhme an chórais bainistíochta scrúduithe GURU sa bhliain acadúil 2024/25. Cuireadh oiliúint shaincheaptha sa phróiseas athraithe agus úsáid chórais, bheartais agus nósanna imeachta OTA ar fáil d'fhoireann ceannais champas Choláiste San Aingeal, OTA, don fhoireann acadúil agus riaracháin.

5.4 Margaíocht

Rannpháirtíocht sa Mhargadh

Is í Fiona Kelly an Bainisteoir Margaíochta um Rannpháirtíocht sa Mhargadh agus freagracht aici as earcaíocht lánaimseartha scoláirí fochéime go OTA. Sa bhliain acadúil 2023/24, tháinig méadú 3% ar ghlanghlacadh iomlán na Lár-Oifige Iontrála i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

D'fhreastail Oifigigh Idirchaidrimh Scoile OTA ar 105 imeacht sheachtracha le linn na bliana acadúla 2023/24. Chomhordaigh an fhoireann earcaíochta scoláirí 500 cuairt scoile, blaslaethanta agus imeachtaí earcaíochta ar fud na bliana acadúla ag cur 236 chlár fochéime lánaimseartha OTA na Lár-Oifige Iontrála chun cinn.

Tháinig an fheidhm Idirchaidrimh Scoileanna an chomhthaobhacht mhargaíochta go léir don mhargadh fochéime lena n-áirítear an réamheolaire fochéime, treoir thapa fochéime, treoir do thuismitheoirí, treoir thapa Thuaisceart Éireann, nuachtlitir d'iarrthóirí ar an Lár-Oifig Iontrála, agus ábhar bolscaireachta scoláireachtaí spóirt. Earcaíodh Oifigeach Idirchaidrimh Scoileanna do mhargadh Thuaisceart Éireann le linn na tréimhse sin chun tacú le rannpháirtíocht i margadh Thuaisceart Éireann agus chun é a fheabhsú.

Lean teagmháil le treoirchomhairleoirí ar aghaidh mar chur chuige aontaithe le nuachtlitreacha láraithe á seoladh le linn na tréimhse sin chuig príomhghrúpaí na bpáirtithe leasmhara. Rinne feidhm Rannpháirtíochta Margaidh OTA Power BI a leabú laistigh den fheidhm chun tacú le faisnéis ghnó agus cinnteoireacht bunaithe ar shonraí a dhéanamh laistigh den fheidhm.

Tionscnaimh maidir le Feachtais agus Tionscnaimh Chruthaitheacha

Is í Karen Smyth an tOifigeach Margaíochta in OTA, a dhéanann maoirseacht ar feachtais ar fud na hOllscoile agus ar thionscnaimh chruthaitheacha. Tá a foireann freagrach as feachtais chomhtháite a chur i bhfeidhm atá dírithe ar earcaíocht na Lár-Oifige Iontrála, in éineacht le hiarrachtaí feasachta branda níos leithne ar fud na n-ardán digiteach agus na meán traidisiúnta. Cuireann an fhoireann Feachtais agus Cruthaitheach tacaíocht leanúnach ar fáil freisin do cheisteanna agus tionscadail brandála ar fud na hOllscoile.

Cuireadh tús le feachtais na Lár-Oifige Iontrála le cur chun cinn an Réamheolaire fochéime nua, agus feachtais ina dhiaidh sin chun ocht Lá Oscailte dhéag a chur chun cinn i rith na bliana. I measc na bhfeachtas bhí na meáin dhigiteacha agus thraidisiúnta araon ar nós raidió,

comharthaíocht, agus fógraí clóite. Bhí bealaí digiteacha ríthábhachtach do rath na bhfeachtas sin agus luaigh 39% díobh siúd a bhí ag clárú do Laethanta Oscailte an Earraigh na meáin shóisialta mar fhoinsé eolais dóibh.

Le linn thréimhse Athrú Intinne na Lár-Oifige Iontrála, chuir an fhoireann naoi bhfeachtas a bhaineann go sonrach le disciplín i gcrích, trí ardú céime cláir nua, agus feachtas feasachta ginearálta. Ba é sin an chéad fhorghníomhú inmheánach d’fheachtas Athrú Intinne na Lár-Oifige Iontrála, OTA, rud a laghdaigh costais go suntasach (ó €0.40 in aghaidh an chliceála in 2023 nuair a bhí sé á reáchtáil ag gníomhaireacht, go €0.15–€0.20 in 2024) agus solúbthacht á méadú ag an am céanna. Ó mhí an Mheithimh go mí Mheán Fómhair, dhírigh feachtais bhreise ar Chlár Rochtana OTA, ar chéimeanna Treasacha, Tairiscintí, Áiteanna atá ar fáil, agus Cóiríocht.

Bhí feachtais Feasachta Branda ar siúl i rith mhí na Nollag agus mhí Eanáir, ag ionchorprú fógraíocht dhigiteach, fógraí pictiúrlainne, clár fógraí, agus fógraí bus. I measc na dtionscnamh feasachta branda samhraidh bhí urraíocht imeachtaí, fógraíocht teilifíse ar TG4, agus fógraíocht clár CLG.

Ba thionscadal mór é suíomh gréasáin nua comhtháite OTA a fhorbairt faoi stiúir an Bhainisteoir an Láithreáin Ghréasáin in 2023/24. Tar éis próiseas tairisceana cuimsitheach, cuireadh tús leis an obair i mí Eanáir 2024 le ceardlanna UX agus le forbairt turais d’úsáideoirí, ailtireacht faisnéise, frámaí sreinge, agus dearaí, agus tá an láithreán gréasáin lena sheoladh i mí na Samhna 2024.

Bhí bainistíocht na meán sóisialta fós ina feidhm ríthábhachtach d’Fheachtais agus don Chruthaitheach. Bhí comhdhlúthú breise ar chainéil chumarsáide i gcumasc na gcuntas oidhreacht LinkedIn go léir chuig cuntas amháin do OTA agus cumasc chainéil champais Shligigh agus Choláiste San Aingeal nua. Chomh maith leis sin, chuir an fhoireann tacaíocht dhigiteach agus tacaíocht meán sóisialta ar fáil d’imeachtaí ollscoile ar fud na naoi gcampas i rith na bliana.

Margaíocht Straitéiseach

Faoi stiúir Cleo Devaney, leanann earcaíocht na scoláirí páirtaimseartha agus iarchéime OTA de bheith ag ailíniú faoin bhféiniúlacht Ar Líne, Solúbtha agus Forbairt Ghairmiúil. Seoladh feachtas nua ar fud OTA ag díriú ar dheiseanna staidéir iarchéime “Do Mháistreacht, Do Bhealach”, ag cur OTA go straitéiseach mar sholáthraí suntasach oideachais iarchéime. Gníomhachtaíodh an feachtas ar fud an réigiúin ag ardú feasachta ar an 110 gclár Máistreachta ar fud an Ghnó, na hEolaíochta, na Sláinte, na hInnealtóireachta, na Ríomhaireachta, an Oideachais, an Dearaidh agus na nDaonnachtaí.

Léirigh Réamheolaire nua 250 leathanach an phunann ina dtairgtear deiseanna foghlama lánaimseartha, páirtaimseartha, ar an gcampas, ar líne agus cumaisc. Reáchtáladh imeachtaí duine le duine i nDún na nGall, i nGaillimh, i Sligeach agus i Maigh Eo, agus tacaíocht ann ó fheachtais sna meáin dhigiteacha agus thraidisiúnta ar fud an raidió agus an phreasa réigiúnaigh.

Sa tréimhse sin, sheol an Mhargaíocht Straitéiseach sé chlár Máistreachta nua agus imeachtaí pearsanta agus fíorúla ann chomh maith le feachtais mhargaíochta digití, ag díriú ar lucht féachana ar leith. D’éirigh leis na cláir 147 n-iarratas ar na cláir nua a ghiniúint.

Leis an bhfeachtas náisiúnta um Fhorbairt Sholúbtha agus Ghairmiúil ar fud OTA cuireadh chun cinn 410 ndeis foghlama solúbtha ar fud leibhéil 6, 7, 8 agus 9. Reáchtáladh seisiúin eolais fhíorúla i rith mhí an Mhárta, mhí na Bealtaine agus mhí an Mheithimh le breis agus 1,000 duine cláraithe orthu agus 500 duine ag freastal beo ar líne. Mar thoradh ar an bhfeachtas tháinig méadú 8% ar na hiarratais ar chúrsaí foghlama ar líne agus ar chúrsaí solúbtha. Chomh maith leis na príomhfheachtais, chuir OTA deiseanna Lingchláir chun cinn agus chistigh Tionscnamh an Chaipitil Dhaonna cúrsaí micridhintiúir chun feasacht a ardú ar chláir chistithe a thacaíonn le huasoiliúint agus athoiliúint an fhórsa saothair.

Claochlú Digiteach

Le tacaíocht ó Réamhchiste na hEarnála Teicneolaíochta, cuireadh tús le céim 2 de rolladh amach Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí ó thaobh na Margaíochta de, agus fócas ann ar chomhtháthú idir córais acadúla agus ardáin mhargaíochta. Tháinig an Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí ó thaobh na Margaíochta de chun cinn ina stór lárnach le haghaidh faisnéis faoi chláir, ag obair i gcomhar leis an bhfoireann Cáilíochta chun Bainisteoir Modúl Acadúil a shioncrónú leis an mBainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí ó thaobh na Margaíochta, rud a chinntigh sláine na faisnéise faoi chláir a chuirtear i láthair lucht féachana seachtrach. Is í an Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí ó thaobh na Margaíochta de anois an t-inneall a thiomáineann láithreán gréasáin OTA a bhreathnaíonn amach go seachtrach, leis an bhfaisnéis faoi na cláir go léir arna fáil agus arna fíorú trí bhithín ardán Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí ó thaobh na Margaíochta de.

Teideal na Tuarascála		Curtha faoi bhráid
1	Tuarascáil Margaíochta agus Earcaíochta Scoláirí	An Chomhairle Acadúil / UPT

Tábla 15: Tuarascálacha arna dtáirgeadh ag Margaíocht 2023/24

5.5 Dearbhú Cáilíochta agus Foireann um Fheabhsú

Tar éis don Dr Michael Hannon dul ar scor, d'aistrigh an Fhoireann Dearbhaithe agus Feabhsaithe Cáilíochta faoi shainchúram Oifig an Leas-Uachtaráin um Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora, an Dr Billy Bennett i mí na Bealtaine 2024. Tá an Creat um Fheabhsú Dearbhaithe Cáilíochta ag forbairt i gcónaí chun úsáid agus inrochtaineacht a fheabhsú. Dhírigh an obair i mbliana ar pholasaithe bhreise a fhorbairt i réimsí na bainistíochta clár, an ionracais acadúil, na hiontrála, an taighde agus an tsoláthair chomhoibrithigh. Mhéadaigh líon iomlán na ndoiciméad formheasta ó 12 go 43. Formheasadh príomhpholasaí maidir le hiontrálacha caighdeánaithe. Chomh maith le polasaithe nua (12), rinneadh athbhreithnithe (3) ar pholasaithe agus ar na nósanna imeachta nua formheasta (6) agus athbhreithnithe (2). Ceadaíodh méid substainteach caighdeán dámhachtana (11) agus foirmeacha (8).

Liosta na Míreanna Formheasta	Líon
Polasaithe Nua	12
Athbhreithniú ar Pholasaí	3
Nósanna Imeachta Nua	6
Athbhreithnithe ar Nósanna Imeachta	2
Caighdeán Nua	11

Tábla 16: Liosta de Pholasaithe agus Nósanna Imeachta Faofa 2023/24

Tá an múnla d'fhorbairt, comhairliúchán agus formheas polasaithe bunaithe laistigh den Ollscoil anois agus tá sé ag feidhmiú go maith. Leis an bpróiseas comhairliúcháin uilefhoirne ligeadh do chur le polasaithe agus nósanna imeachta ó gach cearn den Ollscoil. Chuir formheas chistiú an Chiste um Chur Chun Cinn na hEarnála Teicneolaíochta síneadh le téarma agus le sainchúram QAET chun tacú le forbairt an nós imeachta. Tá dúshlán tagtha chun cinn i bhforbairt nósanna imeachta, agus muid ag obair chun cleachtais ar fud OTA a leabú. Ina theannta sin, tá méid na ndoiciméad agus sceidealú an chomhairliúcháin ina chúis frustrachais do chuid acu. Tá QAET ag obair leis an Oifig Cáilíochta chun aghaidh a thabhairt air sin don bhliain acadúil amach romhainn.

Le linn na tréimhse tuairiscithe ceapadh an Comhordaitheoir Institiúideach d'Athbhreithniú Institiúideach CINNTE, an Dr Jacqueline O Toole ó laistigh den QAET agus bhí sí i gceannas ar fhorbairt na Próifíle Institiúide agus na Tuarascála Féinmheastóireachta Institiúidí. D'fhorheas Foireann Pleanála na hOllscoile, an Chomhairle Acadúil agus Bord

Rialaithe na hOllscoile an dá dhoiciméad sular cuireadh faoi bhráid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann iad do na chéad chéimeanna eile den phróiseas athbhreithnithe.

5.6 ATU Global (OTA ar bhonn domhanda)

Sheol Uachtarán OTA ATU Global nó OTA ar bhonn domhanda go foirmiúil i mí Mheán Fómhair 2023 ag Comhdháil an Chomhlachais Eorpach um Oideachas Idirnáisiúnta in Rotterdam. Bhí an seoladh ina chloch mhíle lárnach i bhforbairt OTA, rud a chomhdhlúthaigh feidhmeanna idirnáisiúnta ar fud na hOllscoile agus a chuir tús le cur chuige aontaithe, straitéiseach i leith rannpháirtíocht dhomhanda. Tiomáineann OTA Global uailmhianta idirnáisiúnta na hOllscoile trí mheascán de rannpháirtíocht straitéiseach, dearbhú cáilíochta, agus for-rochtain dhomhanda, agus is príomhinneall é chun dearcadh domhanda a leabú laistigh de thimpeallachtaí acadúla, cultúrtha agus taighde na hOllscoile.

Feidhmíonn an t-aonad faoi cheannaireacht an Leas-Uachtaráin um Idirnáisiúnú, ag ailíniú go dlúth le tosaíochtaí straitéiseacha oifig an Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora. Le linn na tréimhse tuairiscithe, ghlac ATU Global struchtúr eatramhach eagraíochta agus múnla ceannaireachta atá bunaithe ar chríocha mar bhonn agus mar thaca aige lena gceadaítear pleanáil chomhordaithe ar fud na réigiúin, agus bainisteoirí tiomnaithe ann a dhéanann maoirseacht ar ghníomhaíocht den chineál seo a leanas:

- Críoch 1: Idirnáisiúnú sa Bhaile
- Críoch 2: Idirnáisiúnú Thar Lear – Críocha Mheiriceá agus an Eoraip
- Críoch 3: Idirnáisiúnú Thar Lear – An Afraic, an Meánoirthear agus an Áise

Cinntítear leis an struchtúr sin go bhfuil earcaíocht na scoláirí agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha araon freagrúil do spriocanna institiúideacha, d'intleacht mhargaidh, agus do dhea-chleachtais idirnáisiúnta.

Earcaíocht Idirnáisiúnta Scoláirí agus Aimsiú Dhomhanda

Le linn na bliana acadúla 2023 / 2024, d'fháiltigh OTA roimh an méid seo a leanas:

- 796 scoláire lánaimseartha nach ó thír den Aontas Eorpach iad, ó 66 thír
- 245 scoláire ríomhfhoghlama nach ó thír den Aontas Eorpach iad agus 341 scoláire páirtaimseartha nach ó thír den Aontas Eorpach iad a dhéanann ionadaíocht do chuallacht iomlán na scoláirí idirnáisiúnta (arb ón Aontas Eorpach iad agus nach ón Aontas Eorpach iad) as 2156 duine aonair agus ó 119 dtír.

Thug ATU Global faoi Athbhreithniú Straitéiseach cuimsitheach ar an Margadh agus lean sé lena láithreachth dhomhanda a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí spriocdhírthe earcaíochta agus trí fheastal ar imeachtaí tosaíochta i gCeanada, san India, san Afraic, in ASEAN, i Meicsiceo, i Vítneam, sna Stáit Aontaithe agus sa Bhrasaíl. Rinneadh próisis iontrála, riachtanais Bhéarla, agus prótacail oiliúna gníomhaire a chuíchóiriú agus a ailíniú tuilleadh ar fud na hOllscoile le linn na tréimhse tuairiscithe.

Soghluaisteacht agus Comhpháirtíochtaí

Tá ATU Global fós tiomanta go láidir do shoghluaisteacht a fheabhsú trí Erasmus+ agus trí chlár mhalartaithe eile. In 2023 / 2024, rinne ATU Global an méid seo a leanas:

- Thacaigh sé le 56 scoláire Erasmus+ atá ag teacht isteach agus 35 scoláire atá ag dul amach
- Bhain sé amach a chéad deontais Erasmus+ KA131 ar fud OTA, ag bainistiú ciste comhcheangailte de €1.165 milliún
- Rinne sé ceithre Dhianchlár Chumaisc a óstáil agus a sheachadadh

Tháinig méadú ar rannpháirtíocht na foirne agus na ndámh le Erasmus+ le linn na tréimhse tuairiscithe freisin.

Idirnáisiúnú sa Bhaile

Tá idirnáisiúnú sa bhaile fós ina fhócas straitéiseach, agus tá tionscnaimh ATU Global ag leathnú ag tacú le foghlaim idirchultúrtha, le hidirnáisiúnú curaclaim, agus le heispéireas na scoláirí idirnáisiúnta. Bhí ról lárnach ag an líonra d'Ambasadóirí Sinsearachá Scoláirí Idirnáisiúnta páirtaimseartha agus os cionn 50 (deonach) Ambasadóirí Scoláirí i rannpháirtíocht scoláirí agus i dtacaíocht piaraí. Bunaíodh comhoibrithe traschampais freisin chun peirspictíochtaí idirnáisiúnta sa teagasc agus san fhoghlaím a chomhtháthú.

5.7 Teagasc agus Foghlaim

Comhoibríonn Ionad Teagasc agus Foghlama OTA le comhghleacaithe seirbhísí acadúla agus gairmiúla ar fud 9 gcampas OTA i nGaillimh-Maigh Eo, Sligeach agus Dún na nGall. Tá sé mar aidhm ag an Ionad tacú le baill foirne ar fud na hollscoile cumas níos fearr a thógáil maidir le dearadh curaclaim agus cleachtas teagasc chun eispéireas foghlama dearfach scoláirí agus caighdeán acadúla láidre a chinntiú.

Bhí an tIonad Teagasc agus Foghlama an-ghníomhach maidir le réimse leathan clár agus seirbhísí tacaíochta a thairiscint atá dírithe ar an eispéireas foghlama oideachais agus digití a fheabhsú do scoláirí agus do lucht acadúil araon. Cuireann an tIonad meascán de chlár chreidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe ar fáil, suaitheantais dhigiteacha, agus cúrsaí atá curtha in oiriúint

chun freastal ar riachtanais éagsúla an phobail acadúil chun tacú le forbairt ghairmiúil agus chun cáilíocht i gcleachtais teagasc agus foghlama a chur chun cinn.

Gaisce mór ab ea go raibh OTA ar an gcéad ollscoil in Éirinn atá creidiúnaithe ag Advance HE chun Comhaltachtaí a bhronnadh trína chlár ENGAGE, agus bhain os cionn 80 ball foirne dámhachtainí Comhaltachta amach i measc gach catagóir go dtí sin. Léiríonn sé sin tiomantas láidir OTA don fheabhas sa mhúinteoireacht agus aitheantas don chleachtas gairmiúil.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do scoláirí, reáchtáilann an tIonad Teagasc agus Foghlama clár ceannaireachta do scoláirí maidir leis an Eispéireas sa Chéad Bhliain, darb ainm PASS agus Ionaid Tacaíochta Acadúla, acmhainní riachtanacha a chabhraíonn le scoláirí a gcuid spriocanna acadúla a bhaint amach. Rinneadh dul chun cinn suntasach i bhforbairt na Straitéise Foghlama, Teagasc agus Measúnaithe, agus an Pholasaí agus an Nós Imeachta maidir le hlonracas Acadúil a léiríonn tiomantas an Ionaid chun ardchaighdeán oideachais agus lonracas acadúil a choinneáil.

Rinneadh an Clár Ionduchtaithe Acadúil a leathnú ar fud na hOllscoile, lena gcinntítear go bhfaigheann dámh nua tacaíocht chuimsitheach agus iad ag tosú amach ar a ngairmeacha múinteoireachta.

Feabhsaíodh an clár Na Chéad Chéimeanna sa Teagasc agus tá sé ar fáil do gach ball foirne ar fud OTA a chuireann scileanna agus eolas bunaidh ar fáil.

Ar leibhéal náisiúnta, tá an tIonad Teagasc agus Foghlama tar éis rannchuidiú suntasacha a dhéanamh faoi N-TUTORR, PATH 4 agus SATLE. I measc na ngaicé sin tá seoladh na Cairte Náisiúnta i nDearadh Uilíoch (ALTITUDE); forbairt Chreat Curaclaim OTA i gcomhpháirtíocht le N-TUTORR ina gcumhdaítear Teagasc agus Foghlaim Digiteach, UDL, EDI, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, Ionracas Acadúil agus Infhostaitheacht; agus ionchur in MyDigitalBackpack.ie.

Ina theannta sin, tá an tIonad tar éis roinnt tionscnamh a stiúradh lena bhfeabhsaítear feabhas ar fud 40+ roinn acadúla lena n-áirítear mol um lonracas Acadúil a dheardh; an t-oideachas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn; tionscnaimh foghlama digití agus intleachta saorga (IS) a fhorbairt; agus clár náisiúnta uilíoch deartha agus ceannaireachta agus an ráiteas inrochtaineachta gréasáin náisiúnta a bhunú.

Leis na gaisc sin leagtar béim ar thiomantas an Ionaid Teagasc agus Foghlama do nuálaíocht curaclaim, oideachas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe, cleachtais teagasc agus foghlama a chur chun cinn,

tacú le hionracas acadúil i ré na hIntleachta Saorga, agus inrochtaineacht dhigiteach agus cuimsitheacht dhigiteach a chur chun cinn laistigh de OTA agus ar bhonn náisiúnta.

5.8 An Leabharlann

Seirbhís leabharlainne acadúla aontaithe is ea Leabharlann OTA ina bhfuil ocht leabharlann lánfhoirne agus acmhainní ar fud champais na hOllscoile. Agus é á bhainistiú ag triúr Príomhleabharlannaithe (Dún na nGall, Gaillimh-Maigh Eo, agus Sligeach), tacaíonn foireann 58 ball foirne leis an tseirbhís atá ag obair i gcomhar le chéile chun eispéireas comhsheasmhach ardchaighdeán a chur ar fáil d’úsáideoirí ar fud an réigiúin.

Sna suíomhanna leabharlainne tairgtear os cionn 400 uair an chloig de spásanna agus de theicneolaíocht ina bhfostaítear baill foirne don fhoghlaím agus staidéar aonair, grúpa agus comhoibríocht in aghaidh na seachtaine le linn an téarma do scoláirí OTA.

Is é croí-mhisean Leabharlann OTA rochtain chothrom a sholáthar ar acmhainní foghlama agus ar sheirbhísí a thacaíonn le tosaíochtaí teagaisc, foghlama agus taighde OTA. Áirítear leis sin rochtain ar bhailiúcháin chlóite agus dhigiteacha, comhoibriú acadúil ar acmhainní eolais agus liostaí léitheoireachta agus raon leathan tionscnamh oiliúna a fhorbraíonn scileanna litearthachta digití agus faisnéise do scoláirí agus baill foirne araon. Cuireann Leabharlann OTA saintacaíocht ar fáil freisin d’iarchéimithe, do thaighde agus d’fhoilsitheoireacht scolártha, ag bainistiú príomhbhonneagar sa réimse sin ar nós stór institiúideach OTA.

Chun tacú le comhtháthú seirbhísí ar fud na hOllscoile nuabhunaithe, cruthaíodh naoi ngrúpa oibre traschampais, ag tabhairt le chéile foireann leabharlainne ó gach suíomh chun córais, bailiúcháin, seirbhísí, polasaithe agus tionscnaimh straitéiseacha a ailíniú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa tréimhse tuairiscithe 2023/24 maidir le comhtháthú agus feabhsú seirbhísí Leabharlainne OTA. Le tacaíocht ó shruth maoinithe an Chiste um Chlaohlú Ollscoileanna Teicneolaíochta, rinne an Leabharlann a bonneagar teicneolaíochta maidir le haitheantas radaimhinicíochta a chaighdeánú agus a uasghrádú. Suiteáladh geataí nua aitheantas radaimhinicíochta, bothanna féin-eisiúna, scanóirí fardail láimhe agus córais chlibeála ar fud na n-ionad go léir idir mí na Nollaig 2023 agus mí Eanáir 2024, rud a chuir feabhas ar éifeachtúlacht agus ar eispéireas an úsáideora.

Ba éacht mór le linn na tréimhse sin rochtain ar fud OTA a bhunú ar gach bunachar sonraí, rud a fhágann gurb í

OTA an chéad Ollscoil Teicneolaíochta a rinne amhlaidh. Agus í ag tacú tuilleadh le rannpháirtíocht scoláirí le hacmhainní, chomhdhlúthaigh Leabharlann OTA a hábhar ar líne agus a treoracha scileanna ina hardán cuíchóirithe, soláimhsithe, a bhain 169,512 amharc amach i rith na bliana.

Éacht suntasach eile sa tréimhse sin ba ea glacadh le Suaitheantas Digiteach Scileanna Staidéir Acadúil/ Litearthachta Faisnéise atá forbartha ag an Leabharlann i Mála Droma Digiteach do scoláirí OT/na hInstitiúide Teicneolaíochta (arna leathnú tuilleadh chuig gach scoláire IAO ó shin i leith) tríd an tionscadal N-TUTORR.

Cuireadh tús le hlonduchtú chuig IRel, an cuibhreannas náisiúnta ríomh-acmhainní i mí Eanáir 2023 a thug rochtain ar 13 phríomh-acmhainn scolártha ina gcuimsítear iliomad disciplíní le tacaíocht ó chistiú N-TUTORR. Áiríodh leis sin rochtain ar ábhar físe ar ardchaighdeán chun tacú le taighdeoirí ina gcuid oiliúna.

I gcomhar leis an Oifig Taighde, chabhraigh an Leabharlann freisin le rochtain institiúideach a fháil ar Scopus trí chistiú na Fiontraíochta Tacaíochta don Taighde agus don Nuálaíocht de chuid na nOllscoileanna Teicneolaíochta. Neartaigh an Leabharlann a ról maidir le taighde oscailte a chur chun cinn trí dhul i mbun Comhaontuithe Claohlaitheacha le foilsitheoirí iomadúla, lena n-áirítear Elsevier, rud a chuir ar chumas 75 taighdeoirí Open Access a fhoilsiú le linn na tréimhse, rochtain dhomhanda ar thaighde OTA agus próifíl idirnáisiúnta taighdeoirí OTA a fheabhsú.

Ceapacháin nua foirne (lena n-áirítear deiseanna dul chun cinn don fhoireann reatha) le linn na tréimhse tuairiscithe 2023-24

Ainm	Grád	Campas
An Dr Johanna Archbold	Príomh-Leabharlannai	Sligeach agus Coláiste San Aingeal
An Dr Sarah McCann	VII	Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe
Gerry Walsh	III	Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe
Jorden McMenamin	IV	Sligeach agus ansin Leitir Ceanainn



Ainm	Grád	Campas
Jorden McMenamin	III	Leitir Ceanainn
Lisa Moore	.5 VI	Sligeach
Mark Mulholland	Attendant	Sligeach
Louise McMonagle	VI	Na Cealla Beaga
Shane Leavy	IV	Sligeach
An Dr Ian Kennedy	III	Coláiste San Aingeal
Edel Hession	IV	Leitir Ceanainn
Conor Whyte	III	Na Cealla Beaga

5.9 Seirbhísí do Scoláirí

Ar Sheirbhísí do Scoláirí cuimsítear roinnt disciplíní tacaíochta gairmiúla ar leith ach idirghaolmhara a chuireann timpeallacht thacúil fhreagrúil ar fáil do scoláirí. Cuimsítear ann Seirbhís Tacaíochta Míchumais agus Foghlama OTA, Rannpháirtíocht Rochtana agus Leathnaithe, Meas, Sláinte agus Folláine OTA, Spórt OTA, Gairmeacha agus Séiplíneacht OTA. Sa rannpháirtíocht le scoláirí tosaítear le réamhiontráil trí go leor tionscnamh rochtana faoi stiúir na hOllscoile agus leanann sé ar aghaidh go dtí go dtugtar bronnadh. Sa tréimhse tuairiscithe, ba é 103.5 coibhéis lánaimseartha an comhlánú foirne, agus roinnt post ann arna dtacú go

hiomlán nó go páirteach le cistiú seachtrach. Níor tháinig aon athruithe struchtúracha ar an tréimhse tuairiscithe. Thosaigh an Dr Maura Finegan mar chéad Cheann na nOllscoileanna ar Shláinte agus Folláine Scoláirí i mí Mheán Fómhair 2023.

Sa tréimhse tuairiscithe tugadh chun críche go rathúil cúig phacáiste oibre ar leith arna gcistiú ag an gClár um Rochtain ar Ardoideachas, PATH, clár de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas a bhí dírithe ar thimpeallacht chuimsitheach ardoideachais atá deartha go huilíoch a chruthú. Stiúraigh OTA dhá cheann de na pacáistí oibre mar cheann náisiúnta orthu. I measc na n-aschur suntasach bhí forbairt Cairt Náisiúnta um Dhearadh Uilíoch san Oideachas Treasach, Forbairt Ráitis Inrochtaineachta Gréasáin agus Foireann Uirlisí d’Institiúidí Ardoideachais agus forbairt clár saincheaptha ar Cheannaireacht sa Dearadh Uilíoch do cheannairí sinsearacha san earnáil threasach. Go háitiúil, ba é an t-aschur ba shuntasáí don Ollscoil ná an t-iarratas rathúil chuig an Údarás um Ard-Oideachas ar chistiú PATH IV chun clár a fhorbairt do scoláirí faoi mhíchumas intleachta agus i mí an Mheithimh 2024 d’fhormheas an Chomhairle Acadúil an chéad chlár saincheaptha do dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta. Forbraíodh agus comhaontaíodh roinnt próiseas agus nósanna imeachta ar fud na hOllscoile ar nós Scéim Scoláireachta um Thearmann Ollscoile. Forbraíodh agus comhaontaíodh roinnt próiseas agus nósanna imeachta ar fud na hOllscoile ar nós Scéim Scoláireachtaí Tearmainn Ollscoile. Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar sholáthar spóirt ag OTA freisin.

Cuireann an tseirbhís um Rochtain agus um Rannpháirtíocht a Leathnú tacaíocht ar fáil do dhaoine a aithnítear sa **Phlean Rochtana Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas 2022-2028** agus atá tiomanta d'eispéireas foghlama uilechuimsitheach, cothrom a chruthú do gach scoláire. Tháinig méadú 1% ar rochtain scoláirí ar an Ollscoil tríd an scéim DARE (Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas), tháinig méadú 3% ar an earnáil Breisoideachais agus tháinig méadú 3% ar chlár Rochtana ar an mbliain roimhe sin. Dháil an tSeirbhís um Rochtain agus um Rannpháirtíocht a Leathnú cistí ar luach €3,016,228 in 2023/24. Tháinig méadú 79% ar líon iomlán na scoláirí a fuair scoláireachtaí agus sparánachtaí Rochtana agus tháinig méadú 69% ar luach iomlán na sparánachtaí a dáileadh ar an mbliain roimhe sin. Cumasaíonn an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais agus Foghlama próisis rithábachtacha chun tacú le rochtain rathúil, rannpháirtíocht, dul chun cinn agus gnóthachtáil scoláirí faoi mhíchumas a chláraíonn leis an tseirbhís. Tháinig méadú 25% ar líon na scoláirí a chláraigh leis an tseirbhís an bhliain roimhe sin. Is é Míchumas Foghlama Sonrach an míchumas is mó a tuairiscíodh (46%) agus tá méadú 33% tagtha air ó 2021. Scoláirí a bhfuil Neamhord Easnaimh Airde/Neamhord an Easnaimh Airde agus na Hipirghníomhaíochta agus an chéad mhíchumas eile is mó ag 13% agus tá an fás is mó tagtha air ó 2021 – méadú 214%. Is í an Mheabhairshláinte an tríú míchumas is mó ag 10% agus tá méadú 38% tagtha uirthi ó 2021. Tá méaduithe suntasacha ann ó 2021 i leith ar Urlabhra agus Teanga Néareolaíoch (suas 70%), siondróm Asperger/Uathachas (suas 57%), Diospraicse Neamhoird Comhordaithe Forbartha (suas 40%) agus Bodhar/Lagéisteacht (suas 35%). Tá an tsamhail tacaíochta ag athrú mar fhreagairt ar chastacht mhéadaitheach an chineáil mhíchumais agus líon na scoláirí a dteastaíonn tacaíocht uathu. Luach €724,904 in 2024 a bhí ar an leithdháileadh um Chiste do Scoláirí a bhfuil Míchumas orthu don Ollscoil. Rinneadh obair shuntasach ar pholasaithe, nósanna imeachta agus próisis bailithe sonraí a ailíniú sa tréimhse tuairiscithe. Is altra faoi stiúir seirbhís champais i Seirbhís Sláinte Scoláirí OTA, arna comhlánú ag seirbhísí Dochtúirí Ginearálta ar conradh seachtarach ar na trí champas is mó ina bhfuil scoláirí. Níl aon soláthar sláinte ann do scoláirí ar an láthair ar dhá champas - OTA Chonamara agus Maigh Eo. Freastalaíonn seirbhísí áitiúla Dochtúirí Ginearálta ar riachtanais sláinte na scoláirí, áfach. Tá gach seirbhís sláinte do scoláirí saor in aisce.

Maidir leis an réimse sa ghníomhaíocht seirbhíse tá soláthar seirbhísí altranais agus leighis do scoláirí aonair, soláthar clinici ar leith agus gníomhaíochtaí cur chun cinn sláinte uilíoch agus cur chun cinn sláinte gnéis. Thairg seirbhísí sláinte na scoláirí 17,749 gcoinne san iomlán in

2023/24. San iomlán, d'fhreastail 3,294 scoláire aonair ar an tseirbhís i gcaitheamh na bliana acadúla, arb ionann iad agus 27 faoin gcéad de dhaoine na scoláirí ar an gcampas. Cuireann na Foirne Comhairleoireachta agus Folláine araon réimse gníomhaíochtaí feasachta agus cur chun cinn meabhairshláinte ar fáil; tacaíochtaí do scoláirí agus seirbhísí comhairleoireachta.

In 2023/24 d'oibrigh 16 comhairleoirí san iomlán sa tseirbhís (arb ionann iad agus 9.4 FTE) ag tairiscint 4,785 sjeisiún comhairleoireachta ar freastalaíodh ar 81% díobh. Oibríonn an fhoireann Chomhairleoireachta do Scoláirí go dlúth leis na hOibrithe Tionscadail Meabhairshláinte (n, 3), a bhfuil dhá phríomhfheidhm acu – chun Creat Meabhairshláinte agus Cosc ar Fhéinmharú an Údaráis um Ard-Oideachas agus Creat Toilithe an Údaráis um Ard-Oideachas a chur chun feidhme ar fud OTA.

Bunaíodh Clár Urraim OTA mar fhreagra ar oibleagáidí na hOllscoile faoi *chreat 2019 an ÚAO um Thoilíú in Institiúidí Ardoideachais: Sábháilte, Measúil, Tacúil agus Dearfach – Deireadh a chur le Foréigean Gnéasach agus Ciapadh in Ardoideachas na hÉireann*. Trí oiliúint chuimsitheach, feachtais feasachta, agus ceardlanna, tugann Meas OTA na huirlisí do scoláirí agus don fhoireann chun foréigean agus ciapadh a chosc. Sa tréimhse tuairiscithe, d'fhostaigh an clár 3,775 rannpháirtí thar 80 imeacht a reáchtáladh ar gach ceann de na 9 gcampas, ag tairiscint oiliúna ar thoiliú, idirghabháil ghníomhach ó dhuine ar an láthair, agus feasacht faoi fhoréigean inscnebhunaithe.

Is é príomhchuspóir Oifig Gairmeacha OTA ina gcuimsítear foireann de 3.5 coibhéis lánaimseartha tacú le scoláirí agus le nua-chéimithe plean gairme éifeachtach a dhéanamh. In 2023/24 chuir foirne gairmeacha OTA 1,315 coinne duine le duine ar fáil i dteannta a chéile agus chuir siad 166 chur i láthair/ceardlann ar fáil do scoláirí i dteannta a chéile. Soláthraíonn gairmeacha OTA an nasc idir foghlaimeoirí agus fostóirí, arna éascú trí ardáin gairmeacha agus imeachtaí ar an gcampas agus ar líne araon.

Comhaontaíodh samhail nua de sholáthar séiplíneachta agus tréadchúraim in 2023/24 lena cur chun feidhme sa bhliain acadúil 2024/25 a mbeidh an tseirbhís ag aistriú ó sheirbhís tairisceana go seirbhís shaincheaptha ollscoile mar thoradh air agus ina mbeidh triúr oibrithe tréadchúraim agus séiplíneach amháin.

Tugadh chun críche an chéad atriail de Chlár Scoláireachta Spóirt OTA agus bronnadh scoláireachtaí ar 158 bhfaighteoir (40% bainneann) ar fud 19 spórt éagsúil.

6. Taighde agus Nuálaíocht

6.1 Buaicphointí an Ionaid Taighde

An Fhiontraíocht Tacaíochta don Taighde agus don Nuálaíocht de chuid na nOllscoileanna Teicneolaíochta

I mí na Nollag 2023, bronnadh €19.6 milliún ar OTA faoi chlár na Fiontraíochta Tacaíochta don Taighde agus don Nuálaíocht de chuid na nOllscoileanna Teicneolaíochta, tionscnamh claochlaiteach atá dírithe ar acmhainn taighde a mhéadú, rannpháirtíocht fiontar a chothú, agus nuálaíocht a fheabhsú ar fud larthair agus lathuaisceart na hÉireann. Tá an clár ag OTA struchtúrtha timpeall ar chúig chroí-réimse:

- Cumas taighde agus nuálaíochta institiúideach a thógáil trí cheithre stiúthóireacht a bhunú agus trí phríomhfhoireann a earcú. Áirítear leis freisin iarrachtaí digitithe, comhtháthú córas eitice, agus rannpháirtíocht fiontraíochta trí chéimeanna struchtúrtha.
- Seirbhísí Comhairleacha agus Tacaíochta Taighde, Comhpháirtithe Gnó Taighde a leabú ar fud na ndámh agus na bhfeidhmeanna. Tacaíonn sé le speisialtóireacht chliste, cumarsáid taighde, agus anailísíocht tionchair.
- Cumas taighde iardhochtúireachta trí 10 -13 comhaltai a earcú atá ailínithe le tosaíochtaí réigiúnacha. Cuimsítear ann rannpháirtíocht struchtúrtha fiontar agus forbairt straitéiseach comhpháirtíochta.
- Cumas taighde iarchéime trí chúig chlár PhD bunaithe ar chohórt ina bhfuil 60 scoláire páirteach, agus socrúcháin fiontraíochta á gcur i gcrích ag gach scoláire acu. Cuimsítear ann freisin scoileanna séasúracha agus comhdhálacha chun torthaí taighde a scaipeadh.
- Modúil fochéime agus iarchéime a dhearadh agus a dhigitiú chun comhoibriú teagaisc agus fiontraíochta faoi threoir taighde a dhoimhniú..

Is é aidhm fhoriomlán na Fiontraíochta Tacaíochta don Taighde agus don Nuálaíocht de chuid na nOllscoileanna Teicneolaíochta éiceachóras taighde inbhuanaithe, inscálaithe a chruthú a thacaíonn le nuálaíocht, forbairt fiontraíochta agus fás réigiúnach. Is tiománaí straitéiseach í an Fhiontraíocht Tacaíochta don Taighde agus don Nuálaíocht de chuid na nOllscoileanna Teicneolaíochta d'fhorbairt OTA ina phríomh-mhol taighde agus nuálaíochta, rud a chothaíonn comhoibrithe a mbíonn tionchar acu ar chúrsaí idir an saol acadúil agus an tionscal.

Tá an Fhiontraíocht Tacaíochta don Taighde agus don Nuálaíocht de chuid na nOllscoileanna Teicneolaíochta á

chomhchistiú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach trí Chlár Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair 2021-27 de chuid CFRE.

An Oifig um Aistriú Eolais

I mí Aibreáin 2024, bunaíodh an Oifig um Aistriú Eolais mar thionscnamh straitéiseach le tacaíocht ón gClár Treisiúcháin um Aistriú Eolais, arna chomhchistiú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach trí Chlár Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair 2021-2027.

Tá an Oifig um Aistriú Eolais deartha chun nuálaíocht, comhoibriú, agus aistriú rathúil eolais a chothú idir pobal taighde agus tionscal OTA.

Is é croí-mhisean na hOifige um Aistriú Eolais a áirithiú go n-aistrefar eolas nua a ghintear trí thaighde ag OTA go tionchar san fhíorshaol go heacnamaíoch agus go sóisialta. Áirítear leis sin comhpháirtíochtaí a éascú, maoin intleachtúil a bhainistiú, tacú le tráchtálú, agus tionscadail taighde chomhoibritheacha a chumasú le fiontar.

Chuir cistiú um Aistriú Eolais Boost ar chumas baill foirne speisialaithe a earcú agus acmhainn oibríochtúil a fhorbairt laistigh den Oifig um Aistriú Eolais, ag cabhrú le OTA a aschur taighde a mhéadú agus a ról in éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha a neartú.

6.2 Méadracht Knowledge Transfer Ireland (KTI)

Thug na méadrachtaí a thuairiscigh na trí Gheata ina n-athbhreithnithe feidhmíochta le déanaí le Fiontraíocht Éireann le fios go gcomhlíonfaidh siad na spriocanna méadrachta don tréimhse nua. Tagann an chéad tréimhse cistithe trí bliana do na braislí tionscail chun críche in 2024, ach tá síneadh eatramhach 12 mhí bronnta ag Fiontraíocht Éireann.

Táthar ag súil le fógra rialtais níos mionsonraithe maidir le straitéis braisle tionscail. Bhí an éiginnteacht faoi chistiú amach anseo ag cur isteach ar na braislí, agus go leor bainisteoirí ag bogadh chuig poist in áiteanna eile. Ní mór an réimse gníomhaíochta sin a fheiceáil in éineacht leis an limistéar Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear an tIonad Goir, Geataí Teicneolaíochta agus Braislí Tionscail, toisc go bhfuil siad go léir rannpháirteach go díreach i gcabhair chun geilleagar an réigiúin a fhorbairt. Ina theannta sin, glacann OTA páirt sna Cláir Fiontraíochta Réigiúnacha a eagraíonn an Roinn Trádála Fiontraíochta agus Fostaíochta i réigiúin an Iarthair agus an Iarthuaiscirt.

Soláthraítear leis na cláir sin creat chun páirtithe leasmhara sa gheilleagar réigiúnach a thabhairt le chéile, díriú ar shaincheistanna agus anailís ar thábhacht chriticiúil agus forbairtí tosaíochta a thacóidh le gach duine a aithint. Déanann foireann OTA atá ag gabháil dó sin é mar chuid de réimse níos leithne dualgas. Tuairiscíonn cuid acu don Leas-Uachtarán um Fhorbairt agus Rannpháirtíocht Réigiúnach, ach tá cuid eile acu i nDámha nó i bhfoirne eile. Is páirtí leasmhar é OTA san Fhóram Réigiúnach Scileanna i réigiún an Iarthair agus an Iarthuaiscirt araon.

6.3 Moil Nuálaíochta agus Fiontraíocht

Tá ceithre Mhol Nuálaíochta ag OTA atá lonnaithe i Sligeach, i nDún na nGall, i Maigh Eo agus i nGaillimh. Soláthraítear leis na Moil sin acmhainn do níos mó ná 100 aonad gorlainne le spás Taighde agus Forbraíochta, Gortha, Comhoibrithe agus spás Fíorúil ar fáil ar fud réigiún an Iarthair agus an Iarthuaiscirt do chuideachtaí Nuathionscanta.

Tá rochtain ag cliaint ag na Moil Nuálaíochta sin a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann ar Phunann Tacaíochtaí Forbartha Gnó, líonra Cistithe Infheistíochta, Scileanna taighde agus saineolas ó bhaill foirne OTA agus tacaíocht speisialaithe ó thrí Thairseach Teicneolaíochta OTA – Geata na Teicneolaíochta Leighis agus Teicneolaíochta (MET); Geata na Beacht-innealtóireachta agus na Déantúsaíochta agus Geata na Saotharlainne Taighde Fheidhmigh um Braiteoirí gan Sreang (WiSAR).

Bhí neart agus doimhneacht chomhtháthú taighde OTA le cliaint nuathionscanta le feiceáil ón 12 cliaint rathúla Mol Nuálaíochta ar bronnadh €47 milliún de Chistiú Nuálaíochta Teicneolaíochta Suaití (DTIF) san iomlán orthu ó chlár cistithe náisiúnta de chuid Fhiontraíocht Éireann.



Gradaim Inbhuanaitheachta r-Mhol OTA na Gaillimhe. Grianghraf ó chlé go deas: Tony O'Kelly, Mary Considine, Orla Flynn, Evanna Ryan, George McCourt, Michelle Lee, David Lee, Turlough Rafferty

Bainistítear dhá chlár forbartha fiontraithe de chuid New Frontiers gach bliain i réigiúin na Gaillimhe-Maigh Eo agus Shligigh-Dún na nGall. Roghnaíonn gach clár 15 rannpháirtithe in aghaidh na bliana a bhfuil rochtain iomlán acu ar na ceithre Mhol Nuálaíochta agus ar Éiceachóras tacaíochta nuathionscanta OTA.

Ina theannta sin, bainistíonn Mol Nuálaíochta Mhaigh Eo, clár forbartha fiontraithe atá tiomnaithe do mhná ar a dtugtar EMPOWER Cumasú. Tá an clár náisiúnta sin á chistiú ag Údarás na Gaeltachta agus tá sé á chur chun feidhme i seacht réigiún Gaeltachta – Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge agus an Mhí i gcomhpháirtíocht le hIonad Nuálaíochta Rubicon Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM) do réigiúin an deiscirt. Seoladh EMPOWER Cumasú i mí na Bealtaine 2024 agus cuirfidh sé oiliúint fiontraíochta ar fáil do 150 ban sna trí bliana amach romhainn.

Bhí ról lárnach ag Mol Nuálaíochta Dhún na nGall, CoLab, maidir le cuidiú le FinTrU a chuid oibríochtaí a bhunú agus a mhéadú i réigiún an Iarthuaiscirt ag baint úsáide as an Mol mar bhunáit tosaigh agus ag fás go 32 dheasc sa tsaoráid. Chruthaigh CoLab líonra de ghnólachtaí agus d'fhiontraithe den chineál céanna a chuidigh le FinTrU bláthú i suíomh comhoibrioch agus tapa. Déanann FinTrU speisialtóireacht i mbogearraí do rialáil seirbhísí airgeadais agus bhí sé lárnach do chomhpháirtíocht OTA i dtairiscint rathúil Peace Plus chun Braisle Tionscail RegTech a fhás i réigiún na Teorann.

Mar chuid de phlean forbartha OTA, tá réimse tionscnamh inbhuanaitheachta comhtháite ag an r-Mhol. Áirítear leis sin soilsiú dé-óid astaithe solais, soilsiú LED atá tíosach ar fhuinneamh a ghlacadh, grianphainéil a shuiteáil a ghin os cionn ceithre mhíle cileavata uair an chloig d'fhuinneamh in-athnuaite in 2022, agus dhá stáisiún luchtaithe feithiclí leictreacha a ionchorprú. Ainmníodh 'Foirgneamh Fuinnimh Beagnach Nialasach' leis an síneadh a críochnaíodh le déanaí. Ina theannta sin, bhí r-Mhol OTA na Gaillimhe ina bhuaiteoir ag Gradaim Ghnó Chumann Tráchtála na Gaillimhe 2023, agus bhain sé gradam an Tionscnaimh Inbhuanaitheachta.

6.4 Braislí Teicneolaíochta

Tá foireann de cheathrar speisialtóirí braisle ag OTA, a bhfuil a bhfócas ar thacaíocht a sholáthar do na cuideachtaí i gceithre bhraisle a forbraíodh le déanaí, treoir a thabhairt maidir leis an tacaíocht ar ar féidir leo rochtain a fháil ó ghníomhaireachtaí agus ó údaráis áitiúla, agus iad a thabhairt isteach ar na hacmhainní is féidir le OTA a thairiscint.

Rinne Karl Bonner comhordú ar **Bhraisle Mara na gCeall Beag** i nDún na nGall. Sa bhraisle sin tugtar le chéile cuideachtaí a bhfuil baint acu le hiascaireacht, turasóireacht mhuirí, innealtóireacht agus seirbhísí muirí, dobharshaothrú, próiseáil bia mara, agus fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, limistéir ar leith a thacaíonn lena chéile mar phobal rathúil de ghníomhaíocht eacnamaíoch idirghaolmhar a bhaineann leis an bhfarraige.


Rinne Brian Durnin comhordú ar **Bhraisle Déantúsaíochta Réigiún na Teorann (BORMAC)**. Tugtar le chéile ann pobal comhlachtaí ó Chontae Lú go Contae Dhún na nGall atá go léir ag tabhairt aghaidh ar an dá dhúshlán a bhaineann leis an mBreatimeacht agus an réabhlóid dhigiteach atá ag déanamh na déantúsaíochta a chlaohlú, ar a dtugtar Industry 4.0. Feidhmíonn na cuideachtaí go léir lena mbaineann laistigh de shlabhra soláthair casta a thrasnaíonn an Teorainn go rialta idir an Phoblacht agus Tuaisceart Éireann.

Rinne Joe Friel comhordú ar an mbraisle **WoodConnect Cluster** go dtí gur fhág sé i mí an Mhárta 2024 (Tá Gareth

Sherry tagtha ina áit sa ról sin ó shin). Breathnaíonn an bhraisle sin ar an slabhra soláthair iomlán i dtroscán adhmaid agus in ábhair intí déanta as adhmaid, chomh maith leis na táirgí adhmaid, ón bhforaoiseacht go dtí táirge deiridh an tomhaltóra.

Tá John Gaffney, a d'fhág chun bheith i gceannas ar oibríochtaí Éireannacha chuideachta ilnáisiúnta i mí na Nollag 2023, tar éis an **Bhraisle Sláinte Digití** a chomhordú. Tá Rosanna Loftus ina áit ó shin. Tá ról níos cumhachtaí ag an teicneolaíocht dhigiteach maidir leis an gcaoi a n-eagraítear agus a seachadtar cúram sláinte. Maidir le réigiún is teirce daonra amhail ár réigiún féin, tá sé sin thar a bheith tábhachtach chun déileáil leis na fadhbanna a bhaineann le fad ó sholáthraithe cúram sláinte.

Tá an ceathrar Bainisteoirí ag obair ar réimse tionscnamh le cuideachtaí le dhá bhliain anuas maidir le huasoiliúint, tionsú airgid, forbairt teicneolaíochta, idirnáisiúnú ina measc siúd, agus sa phróiseas sin tá siad ag cuidiú le muinín phobail na gcuideachtaí a chothú ina chéile agus iontu féin.



7. Rannpháirtíocht Sheachtrach agus Comhpháirtíochtaí

7.1 Foghlaim Ar Líne, Sholúbtha agus ar feadh an tSaoil

Coinníonn OTA an seasamh ceannaireachta náisiúnta atá aige maidir le foghlaim ar líne, foghlaim pháirtaimseartha, foghlaim sholúbtha, foghlaim chreidiúnaithe a fhreagraíonn do riachtanais tionscail agus d'éileamh na bhfoghlaiméoirí araon a sheachadadh. Le linn na tréimhse tuairiscithe 2023 – 2024 bhí 372 chlár cumaisc ar líne agus ar an gcampas san iomlán. Leathnaíodh é sin go 477 gclár do 2024 – 2025, rud a léiríonn go bhfuil an príomhfhocas fós ar rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar fhorbairt ghairmiúil a leathnú le haghaidh bonn éagsúil foghlaiméoirí.

Le linn na tréimhse 2023 - 2024 rinne an Fheidhm um Fhorbairt Ar Líne, Forbairt Sholúbtha agus Forbairt Ghairmiúil an méid seo a leanas:

- Comhtháthú na gcóras agus na bhfoirne oidhreachtar ar fud OTA a chur chun cinn
- Thacaigh sé le samhail eagraíochtúil nua OTA a chur chun feidhme, rud a chinntigh go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm agus ailínithe leis an gcaoi a gcaithfidh an Fheidhm um Fhorbairt Ar Líne, Forbairt Sholúbtha agus Forbairt Ghairmiúil oibriú amach anseo
- Leathnaigh sé tacaíochtaí do scoláirí agus rinne sé dul chun cinn ar aontú na n-iaratas agus na bpróiseas foghlaiméora ar fud conairí nach conairí de chuid na Lár-Oifige Iontrála iad
- Lean sé de bheith i gceannas ar dhá mhórtionscadal a fhaigheann cistiú ón taobh amuigh (Ardoideachas 4.0 agus N-TUTORR)
- Rannchuidigh sé le forbairtí straitéiseacha i Micridhintiúir agus san Intleacht Shaorga
- Choinnigh sé dlúthchaidrimh oibre le príomhfheidhmeanna ollscoile eile (Dámha, AA&R, Margaíocht, Teagasc & Foghlaim, TF)

D'fhan an soláthar foirne croí-chistithe cobhsaí a bheag nó a mhór, agus fás spriocdhírthe ann i réimsí ardtosaíochta. Leanann an obair ar aghaidh ag glacadh le córas institiúideach um Bainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí, atá lonnaithe laistigh den Fheidhm um Fhorbairt Ar Líne, Forbairt Sholúbtha agus Forbairt Ghairmiúil faoi láthair.

Forbhreathnú feidhme

Cuireann OTA deiseanna foghlama solúbtha, creidiúnaithe ar fáil atá freagrúil don mhargadh agus inrochtana d'fhoghlaiméoirí beag beann ar an suíomh.

Tacaímid le daoine aonair atá ag iarraidh a ngairmeacha beatha a athoiliúint, a uasoiliúint nó a chur chun cinn trí raon modhanna seachadta. Don tréimhse tuairiscithe bhí punann de 372 chlár againn - 201 ar líne; 156 chlár cumaisc agus 15 chlár ar an gcampas.

Forbairt eagraíochtúil

Mar chuid de chumasc OTA, tugadh riarachán agus seachadadh seirbhísí na Feidhme um Fhorbairt Ar Líne, Forbairt Sholúbtha agus Forbairt Ghairmiúil - a bhí á mbainistiú ar bhealach difriúil ar fud institiúidí oidhreachtar roimhe seo - le chéile i struchtúr aontaithe. Le linn na tréimhse tuairiscithe bhí ról lárnach ag an bhFeidhm um Fhorbairt Ar Líne, Forbairt Sholúbtha agus Forbairt Ghairmiúil maidir le tacú le cur chun feidhme struchtúr eagraíochtúil nua OTA. Is príomhfhocas i gcónaí é seirbhísí na Feidhme um Fhorbairt Ar Líne, Forbairt Sholúbtha agus Forbairt Ghairmiúil a riaradh agus a sheachadadh agus tá sé ag dul ar aghaidh go seasta.

Struchtúr OFPD

Eagraítear OFPD sna réimsí feidhme seo a leanas:

- Forbairt Ghnó (Faisnéis faoin margadh, earcaíocht, Springboard+, Tionscnamh an Chaipitil Dhaonna)
- Tacaíocht Dáimhe (Comhoibriú le haonaid acadúla chun freagairt do riachtanais foghlaiméoirí agus tionscail)
- Eispéireas na Scoláirí (lena n-áirítear an fhoireann Chomhairleoirí Scoláirí Ar Líne atá ag fás)
- Teicneolaíocht Oideachais (Ag tacú leis an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama agus oiliúint ar fud OTA agus comhtháthú theicneolaíocht an oideachais)
- Nuálaíocht (Feabhas leanúnach ar sheachadadh agus ar thacaíocht foghlaiméora a chothú)
- Tionscadail Nuálaíochta (lena n-áirítear tionscnaimh Ardoideachais 4.0 agus N-TUTORR)
- Rialachas agus Straitéis Inmheánach (Ailíniú straitéiseach agus comhtháthú oibriochtúil a chinntiú)

Faigheann na foirne sin tacaíocht ó Fhoireann um Dhearadh Teagaisc ilréimsiúil, a bhfuil ról rithábachtach aici maidir le seachadadh digiteach a fheabhsú agus tacú le nuálaíocht ar fud na hollscoile.

Príomhghníomhaíochtaí agus príomhthionscadail (2023 - 2024)

- Tionscnaimh chomhtháthaithe
- Dul chun cinn i dtreo próiseas iarratais aontaithe do scoláirí nach scoláirí de chuid na Lár-Oifige Iontrála iad/scoláirí printíseachta
- Obair bhunúsach i dtreo Timpeallacht Fhíorúil Foghlama amháin
- Oibríochtaí Lingchláir+ cumaiscthe ar fud na gcampas
- Tugadh isteach próiseas ionductúcháin caighdeánaithe d'fhoghlaimeoirí na Feidhme um Fhorbairt Ar Líne, Forbairt Sholúbtha agus Forbairt Ghairmiúil
- Tionscnaíodh tionscadal chun iontrálacha le haghaidh conairí nach conairí de chuid na Lár-Oifige Iontrála iad

Ceannaireacht straitéiseach

- Ceannaireacht a chur ar fáil i bhforbairt straitéis Mhicridhintiúir OTA
- Forbairt sheasamh OTA maidir leis an Intleacht Shaorga a threorú

Tionscadail arna gcistiú go seachtrach

1. Ardoideachas 4.0 (Colún 3 Thionscnamh an Chaipitil Dhaonna): Go seachtrach, soláthraítear leis an tionscadal sin seirbhísí comhairleacha trí mycareerpath.ie, lena n-áirítear gairmthreoir, tacaíocht d'Aitheantas Réamhfhoghlama, agus conairí foghlama pearsantaithe bunaithe ar riachtanais tionscail. Go himheánach, tacaíonn sé le forbairt córas aclaí atá in ann freagairt go tapa d'éilimh atá ag teacht chun cinn, amhail foghlaim obairbhunaithe, micridhintiúir, ollchúrsaí oscailte ar líne, agus Spásanna Saothair.
2. Clár N-TUTORR: Arna chistiú ag NextGenerationEU an Aontais agus le tacaíocht ón Údarás um Ard-Oideachas, thacaigh an tionscadal comhoibritheach trasearnála seo le haistriú eispéireas an fhoghlaimeora san earnáil ardoideachais teicneolaíochta trí chomhoibriú teicneolaíochta agus foirne/scoláirí, i gcomhréir le spriocanna forbartha inbhuanaithe. Rinneadh an méid seo a leanas a chur chun cinn mar thoradh air:
 - Cumhachtú scoláirí
 - Cumas foirne
 - Claochlú Digiteach
 - Oideachas ar mhaithe le hInbhuanaitheacht
 - Infhostaitheacht
 - Ionracas Acadúil
 - Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú
 - Dearadh Uilíoch don Foghlaim

Comhair agus forbairt

Leanann an Fheidhm um Fhorbairt Ar Líne, Forbairt Sholúbtha agus Forbairt Ghairmiúil de bheith ag obair

go dlúth fós le comhghleacaithe sa Mhargaíocht, AA&R, Teagasc agus Foghlaim, agus TF. Tá córas Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí ó thaobh na Margaíochta de ar fud na hOllscoile á fhorbairt go leanúnach, agus tá pleananna amach anseo le haghaidh comhtháthú institiúideach níos leithne a luaithe a bheidh an t-imscaradh tosaigh laistigh den Fheidhm um Fhorbairt Ar Líne, Forbairt Sholúbtha agus Forbairt Ghairmiúil tugtha chun críche.

7.2 Rannpháirtíocht Réigiúnach

7.2.1 Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha

Treoraíonn Rannpháirtíocht Sheachtrach OTA cuspóir laistigh de Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthuaiscirt atá dírithe ar an bhforas truamhéileach go bhfuil an Iarthuaisceart, mar réigiún, chun cúil i bhforbairt bonneagair (bóithre, calafoirt, eangach leictreach i measc nithe eile). Is é cuspóir na gníomhaíochta seo oibriú leis na páirtithe leasmhara go léir sa réigiún agus go náisiúnta lena chinntiú go ndéantar ár n-easnamh ó thaobh bonneagar de a dhóiciméadú go soiléir, agus go dtuigtear a dtionchar siúd ar an bhfiontraíocht agus oibriú lenár gcomhpháirtithe sa rialtas áitiúil agus náisiúnta lena chinntiú go bhfuil na pleananna is fearr i bhfeidhm chun moltaí maidir le pleananna amach anseo a cheartú.

Choimisiúnaigh an grúpa oibre tuarascáil arna cistiú ag an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. Áiríodh leis 12 chás-staidéar ó ghnólaicthe a leag béim ar thionchar na drochfhorbartha bonneagair ar an bhfiontraíocht san Iarthuaisceart. Cuireadh an tuarascáil agus na torthaí faoi bhráid an Aire Peter Burke TD agus an Aire Dara Calleary TD i bhfoirgneamh an Rialtais i mBaile Átha Cliath i mí Iúil '24. Ó shin i leith, tugadh freagra ar ghníomhaíochtaí leantacha agus cuireadh ionchuir faoi bhráid an Chreata Náisiúnta Pleanála. Leanann Plean Fiontraíochta Réigiúnaí an Iarthuaiscirt de bheith ag obair le páirtithe leasmhara réigiúnacha chun aird a tharraingt ar thionchar na míchothromaíochtaí bonneagair ar an bhforbairt fiontraíochta sa réigiún.

7.2.2 Fóraim Réigiúnacha Scileanna

Tá OTA ina mbaill d'fhóiraim Scileanna Réigiúnacha an Iarthair agus an Iarthuaiscirt. Go luath in 2023, d'eisigh Fóram Réigiúnach Scileanna an Iarthuaiscirt tuarascáil ar 'Chibearscileanna san Iarthuaisceart'. Leagadh béim ar 3 mholadh sa tuarascáil sin:

- Earnáil chibearshlándála réigiún an Iarthuaiscirt a chur chun cinn
- Cultúr cibearshlándála teaghrán a chruthú
- Píblíne cibear-thallann a thógáil

Treoraíonn Rannpháirtíocht Sheachtrach OTA grúpa oibre chun an moladh maidir le cultúr cibearshlándála



a chur chun cinn. I gcomhar le Caibidil an Iarthuaiscirt de Bhraisle Cyber Ireland, Scileanna Réigiúnacha agus Mol Nuálaíochta Digití Data2Sustain, forbraíodh clár oibre atá dírithe ar fheasacht a thógáil ar réasúnaíocht chibearshlándála le micreafhiontair agus FBManna. Chuir an clár oibre Treochlár Cibearshlándála idirghníomhach ar líne ar fáil d'úinéirí agus bainisteoirí micreaghnó, ceardlanna feasachta cibearshlándála agus comhairleacht duine le duine do ghnólaigh. Tá sé beartaithe go mbaileofar cás-staidéir ó na cuideachtaí rannpháirteacha chun leibhéal feasachta a mheas agus cé chomh maith agus atá cleachtais cibearshlándála leabaithe ó rinneadh idirghabhálacha.

7.3 Alumni

Seoladh Lónra Alumni OTA go hoifigiúil an 6 Deireadh Fómhair 2023. Ag an ócáid nochtadh éiteas an lónra, “OTA i gcónaí,” ag cur béim ar a thiomantas do naisc a chothú, don fhoghlaím ar feadh an tsaoil, agus feidhmiú mar fhoinsé inspioráide.

Chun rannpháirtíocht alumni a fheabhsú agus Lónra Alumni OTA a ghníomhachtú, bunaíodh cúig

phríomhréimse fócais chun teacht leis na colúin: Ceangailte i gcónaí, Ag Foghlaim i gcónaí, agus Spreagtha i gcónaí. I mí Feabhra 2024, rinneadh grúpaí oibre de Coiste Stiúrtha Alumni chun na réimsí fócais seo a chur chun cinn agus a fhorbairt. I measc na réimsí sin tá:

1. Fás Bunachar Sonraí – Tá thart ar 5,500 ball ag Lónra Alumni OTA. Thacaigh sé le rannpháirtíocht OTA ar bhonn domhanda (ATU Global) ag dhá imeacht idirnáisiúnta in 2024.
2. Imeachtaí Alumni – nósanna imeachta agus coistí a dhréachtú agus a fhorghabháil chun tacú le bunú Dámhachtainí Alumni OTA.
3. Meantóireacht – taighde agus obair bhunaidh chun clár Meantóireachta Alumni a bhunú. Tá an clár píolótach sceidealaithe do mhí Mheán Fómhair 2024.
4. Táillí, Sparánachtaí agus Scoláireachtaí - I mí an Mhárta 2024, seoladh Scoláireacht nua Alumni OTA ag tairiscint lascaire 20% ar tháillí iarchéime múinte. In 2024, bhain 28 scoláirí tairbhe as an scoláireacht laghdaithe táillí.
5. Cumarsáid - Tá cumarsáid rialta, spriocdhírithe curtha ar fáil ag an Oifig Alumni chun cláir, gníomhaíochtaí agus imeachtaí alumni a chur chun cinn.

8. Nuashonruithe ó Dhámha

8.1 Dámh an Ghnó agus na nEolaíochtaí Sóisialta

In 2024 ba bhliain í ina ndearnadh fás agus gnóthachtáil shuntasach do Dhámh an Ghnó agus na nEolaíochtaí Sóisialta, ag tacú le breis is 7,000 scoláire (3,500 coibhéis scoláirí lánaimseartha) – méadú 30% le dhá bhliain anuas. Faoi threoir múnla faoi threoir cleachtais, leanann ár gcuid oibre ag cur béim ar cháilíocht acadúil, ábharthacht ghairmiúil, agus tionchar san fhíorshaol.

Bhí forbairt nua clár ina tosaíocht i gcónaí, nuair a seoladh Teastais, Dioplómaí agus Máistreacht sa Ghnó Digiteach, i mBainistíocht Airgeadais agus san Inbhuanaitheacht, agus i mBainistíocht Straitéiseach Daoine (creidiúnaithe ag an Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra). Thugamar isteach BA (Onóracha) sa Ghnó agus sa Ghaeilge isteach, fuairamar formheas náisiúnta don chéad cháilíocht arna bronnadh ag an Oifig Thrasachta Náisiúnta in Éirinn, agus chuamar i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid an Chabháin ar cháilíocht nua Cleachtais Cúraim Shóisialaigh. Thacaigh cúig chlár déag micridhintiúr, arna gcomhfhorbairt leis an tionscal, le huasoiúint i réimsí amhail árachas, pinsin, agus airgeadas inbhuanaithe.

Neartaíodh rath na scoláirí tuilleadh trínár dtionscnamh *Onwards, Upwards and Outwards*, a chuir feabhsuithe intomhaiste ar fáil maidir le coinneáil agus rannpháirtíocht scoláirí. Choinníomar ár n-idirdhealú freisin mar an t-aon Fhaireachlann Turasóireachta de chuid Eagraíocht Turasóireachta Domhanda na Náisiún Aontaithe (UNWTO) in Éirinn.

Baineadh éachtaí amach sa ghníomhaíocht taighde, agus breis is €11 mhilliún in iarratais ar mhaoiniú agus €5 mhilliún faighte cheana féin do thionscadail sa nuálaíocht dhigiteach, sa chuimsiú sóisialta, agus san fhorbairt inbhuanaithe.

I measc na dTionscnamh Suaitheanta in 2024 tá:

- Clár IDEAS – Arna chistiú ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí an Aontais, tacaíonn IDEAS le 12 scoláirí PhD ar thionscadail atá ailínithe le fiontair atá nasctha le tosaíochtaí réigiúnacha, le socrúcháin chomhtháite tionscail.
- Dochtúireacht i Riarachán Gnó – An chéad cheann san Iarthar agus san Iarthuaisceart, leis an gclár Leibhéal 10 sin tugtar ardscoileanna taighde do cheannairí sinsearach chun aghaidh a thabhairt ar

dhúshláin chasta eagraíochtúla trí shamhail chumaisc sholúbtha.

- Cluichí Aclaíochta na hOllscoile – Chuir comórtas spóirt tionscnaimh, cuimsitheach i mí Eanáir fáilte roimh níos mó ná 120 scoláirí tríú leibhéal ó gach cearn d'Éirinn, rud a chuireann folláine agus rannpháirtíocht an phobail chun cinn.
- Seimineáir Cheannaireachta Feidhmiúcháin maidir le Máistreacht sa Ghnó – Thug sraith dhépháirteach i nGaillimh agus i nDún na nGall dúshlán na smaointeoireachta traidisiúnta maidir le ceannaireacht agus cinnteoireacht d'fheidhmeannaigh shinsearach agus do cheannairí atá ag teacht chun cinn.
- Comhdháil Saotharlann sa Dearadh, sa Nuálaíocht, sa Chruthaitheacht agus san Fhiontraíocht (DICE Labs) – Ag ceiliúradh comóradh dheich mbliana an 7 Márta in OTA Leitir Ceanainn faoin téarma Nuálaíocht a Chur Chun Cinn sa Ghnó, leis an gComhdháil sa Dearadh, sa Nuálaíocht, sa Chruthaitheacht agus san Fhiontraíocht tugadh le chéile ceannairí gnó, acadóirí agus lucht déanta polasaithe chun an IS agus deiseanna digitithe a iniúchadh le haghaidh fiontar tráchtála agus sóisialta.
- An Tionscadal REMODEL – Comhoibriú € 1.5m arna mhaoiniú ag an AE le hOllscoil de León agus Ollscoil Bursa Uludağ, feabhas a chur ar chumas taighde i samhlacha gnó nuálacha, Saotharlann Nuálaíochta Samhail Gnó a bhunú, agus comh - mhaoirseacht PhD, sainoiúint, agus scoileanna samhraidh a sheachadadh sa Spáinn agus i nDún na nGall.

Trí nuálaíocht sa teagasc, comhoibriú láidir tionscail, taighde a imríonn tionchar, agus rannpháirtíocht an phobail, in 2024 treisíodh ról ceannaireachta na Dáimhe maidir le hoideachas, fiontar agus forbairt réigiúnach a chur chun cinn.

8.2 Eolaíocht agus Sláinte

Lean Dámh na hEolaíochta agus na Sláinte de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh le bliain anuas, ag treisiú a ról mar cheannaire san eolaíocht agus sa tsláinte ar fud na hÉireann.

Go heagraíochta, thug OTA chun críche an cónascadh le Coláiste San Aingeal lena dámh eolaíochta níos leithne, ag feabhsú comhtháthú acadúil agus ag leathnú cumas taighde ar fud na gcampas. Mar thoradh ar chomhtháthú

Scoil an Altranais, na nEolaíochtaí Sláinte agus an Staidéir ar Mhíchumas isteach sa dámh, réitítear an bealach le haghaidh ailíniú struchtúrach ilchamps an Altranais in OTA.

Bhí ról lárnach ag OTA freisin sa Mhol ARC €34 mhilliún do HealthTech, tionscnamh comhoibríoch le hOllscoil na Gaillimhe agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn. Tacaíonn an mol le taighde aistritheach in ionchlannáin chliste, in earraí inchaite, agus i ndiagnóisic IS-bhunaithe, arb é is aidhm dó réitigh a thráchtáil le haghaidh bainistiú galar ainsealach.

I mí Eanáir 2024, shínigh OTA agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) Meabhrán Tuisceana cúig bliana, ag cur comhpháirtíocht straitéiseach ar bhonn foirmiúil chun oideachas, taighde agus forbairt scileanna a chur chun cinn. Cuimsítear sa chomhoibriú Cúram Sláinte Pobail an Iarthair agus an Iarthuaiscirt, Saolta, agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar neamhionannais sláinte, tacú le socrúcháin chliniciúla, agus nuálaíocht a chothú i seachadadh cúraim sláinte.

Le linn Sheachtain na hEolaíochta 2023, d'óstáil OTA Féile Eolaíochta Shligigh agus ghlac sé páirt i bhFéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe, ag tairiscint eispéiris phraiticiúla eolaíochta agus cainteanna poiblí lena cuireadh fiosracht agus foghlaim chun cinn.

Príomhghnóthachtáil ba ea creidiúnú CORU ar Ard-Diplóma OTA san Eolaíocht Leighis, clár páirtaimseartha dhá bhliain atá deartha le haghaidh cúntóirí saotharlainne leighis ag a bhfuil céim eolaíochta Leibhéal 8. Chuir OTA iarratas faoi bhráid CORU chun an Baitsiléir Eolaíochta Onóracha sa tSláinte agus sa Chúram Sóisialta a chreidiúnú. Rinne Comhairle Fiaclóireachta na hÉireann Ardteastas san Altranais Fiaclóireachta OTA a athchreidiúnú ar feadh tréimhse cúig bliana eile go 2028. I mí na Bealtaine 2024, rinne OTA ceiliúradh ar oscailt oifigiúil €35 mhilliún i bhforbairtí campais ag a shuíomh i Sligeach. Ina measc sin tá síneadh ceithre stór tithíochta ard-eolaíochta agus saotharlanna TF, seomra íonghlan, saotharlanna taighde eolaíochta agus saotharlanna ríomhairí pearsanta. Tá Spás Saothair le haghaidh for-rochtana ETIM agus foghlaim tionscadalbhunaithe mar chuid de na háiseanna nua, a chistítear faoi Thionscadal Éireann 2040, rud a chuireann go mór le cumas taighde agus teagaisc OTA.

Fuair an tionscadal trasteorann um Fholláine agus NHEA do Scoláirí in Éirinn (I-SWAP), faoi stiúir an Dr Louise McBride, (OTA) agus an Dr Elaine Murray (JU) an gradam don Tionscadal Taighde is Fearr ag gradaim Oideachais 2024.

D'oibrigh baill foirne taighde ar fud Dhámh na hEolaíochta agus na Sláinte i gcomhar le chéile ar fud na gcampas chun iarratais ar chistiú taighde na Fiontraíochta Tacaíochta don Taighde agus don Nuálaíocht de chuid na nOllscoileanna Teicneolaíochta a chur isteach.

Le linn na tréimhse sin bhí baill foirne páirteach i gcomhfhorbairt líon na gclár acadúil ag tógáil ar an gcomh-shaineolas a cuireadh ar fáil ar fud na gcampas éagsúil. Mar thoradh ar an gcomhfhorbairt sin bailíochtaíodh trí chlár Máistreachta Eolaíochta:

- MSc sa Bhithfhaisnéisíocht
- MSc sa Nuálaíocht Dhigiteach sa Spórt
- MSc in Altranais na Seaneolaíochta

8.3 Innealtóireacht agus Ríomhaireacht

Lean Dámh na hInnealtóireachta agus na Ríomhaireachta in OTA Dhún na nGall, Scoil na hInnealtóireachta in OTA na Gaillimhe agus Dámh na hInnealtóireachta agus an Dearaidh in OTA Shligigh dá gcuid oibre ar chomhtháthú le Dámh nua amháin na hInnealtóireachta agus na Ríomhaireachta le linn na tréimhse tuairiscithe. Is iomaí comhoibriú tras-dáimhe a rinneadh i measc na foirne agus na dtaighdeoirí ó bunaíodh OTA. Cuireadh Feidhmeannas na Dáimhe ar bun i mí an Mheithimh 2022 ina bhfuil Cinn Dáimhe/Scoile, Cinn Roinne agus Bainisteoirí Riaracháin ó gach campas.

Buaileann an Feidhmeannas le chéile sé huair sa bhliain ar a laghad chun réimse topaicí a phlé lena n-áirítear forbairtí clár nua agus saincheistean/deiseanna atá os comhair na dáimhe.

Tugtar achoimre thíos ar struchtúir na dáimhe agus ar líon na scoláirí le linn na tréimhse tuairiscithe:

Dámh Innealtóireachta agus Ríomhaireachta OTA Dhún na nGall:

Ranna:	3	
Líon na scoláirí*:	1,615	1,369 FTE

Scoil Innealtóireachta OTA na Gaillimhe

Ranna:	5**	
Líon na scoláirí*:	3,079	2,350 FTE

Dámh Innealtóireachta agus Deartha OTA Shligigh

Ranna:	6***	
Líon na scoláirí*:	4,488	2599 FTE

*Líon na scoláirí – Dáta fillte ÚAO an 1 Márta 2024

** an Roinn Ríomhaireachta agus Fisice Feidhmí san áireamh

*** Acadamh Ealaíon, Deartha agus Ailtireachta



Tá cláir fhochéime, printíseach ceardaíochta, printísigh cuibhreannais agus iarchéime ag gach Dámh mar aon le tairiscint shuntasach sholúbtha foghlama agus cianfhoghlaimoírí san innealtóireacht agus sa ríomhaireacht.

Is gné lárnach é oideachas printíseachta den oideachas a chuireann na dámha ar fáil i gcúig cheird (Leictreach, Mótarmheicneoir, Cearpantóireacht agus Siúinéireacht, Monarú Miotail agus Déanamh Uirlisí) á dtairiscint. Tá an Phrintíseacht san Innealtóireacht Shibhialta ag fás i gcónaí le cohórt nua de 48 printísigh le tosú ar champas na Gaillimhe i mí Mheán Fómhair 2024 agus leanfar ar aghaidh á reáchtáil ar champas Shligigh.

Tá cláir dáimhe creidiúnaithe ag a gcomhlacht gairmiúil ábhartha lena n-áirítear, Engineers Ireland, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, Institiúid Chairte na dTeicneolaithe Ailtireachta, Cumann Cuntasóirí Cairte na hÉireann, Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte, Institiúid Chairte na Foirgníochta agus eile.

Tá traidisiún fada ann de bheith ag obair go dlúth leis an tionscal chun comhpháirtíochtaí a fhorbairt lena n-áirítear

cláir shaincheaptha a sholáthar a forbraíodh don Tionscal agus cláir nua a fhorbairt chun freastal ar riachtanais tionscail. Seo a leanas achoimre ardleibhéil ar chuid de na gníomhaíochtaí le linn na tréimhse tuairiscithe:

- **Leathnú ar Phrintíseacht Leictreach:** Cuireadh tús leis an obair inár gcampais i nGaillimh, i Leitir Ceanainn agus i Sligeach don leathnú le haghaidh printíseachtaí leictreacha mar fhreagairt ar ghlaó náisiúnta chun níos mó soláthar printíseachta leictre ar chéim 4 agus céim 6 a chur ar fáil.
- **Printíseacht san Innealtóireacht Déantúsaíochta:** Seoladh an Phrintíseacht san Innealtóireachta Déantúsaíocht in 2024. Is BEng san Innealtóireacht Déantúsaíochta an chéad chlár printíseachta innealtóireachta déantúsaíochta ilchampais faoi stiúir cuibhreannais in Éirinn chun creidiúnú a fháil ó Engineers Ireland (Innealtóirí Éireann). Rinne cuibhreannas faoi stiúir Chumann Medtech na hÉireann de chuid IBEC, ionadaithe ón tionscal déantúsaíochta agus comhpháirtithe acadúla comhthorbarait ar an bprintíseacht seo.

- **Printíseacht Suirbhéireachta Cainníochtaí:** Lean OTA de bheith ag obair le Cumann na Suirbhéirí Cairte na hÉireann agus leis an gcuibhreannas Suirbhéireachta cainníochta chun an tsraith nua clár printíseachta a fhorbairt.
- **Oscailt Gheata Teicneolaíochta na Beacht-innealtóireachta agus na Déantúsaíochta Arna Chomhchistiú ag an Aontas Eorpach:** Osclaíodh Geata Teicneolaíochta na Beacht-innealtóireachta agus na Déantúsaíochta go hoifigiúil i mí Dheireadh Fómhair 2023. Is mol taighde, forbartha agus nuálaíochta é atá tiomanta do thacú le tionscail réigiúnacha agus náisiúnta. Soláthraíonn Beacht-innealtóireacht agus Déantúsaíocht seirbhísí taighde, forbartha agus nuálaíochta atá dírithe ar an tionscal sa bheacht-innealtóireacht, sa déantúsaíocht, i dteicneolaíochtaí ábhar, agus sa nuálaíocht.
- Bhí **Móraonaigh Innealtóireachta** ar siúl inár gCampais i nDún na nGall, i nGaillimh agus i Sligeach i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2024. Bhí deis ag scoláirí na bliana deiridh a dtionscadail bliana deiridh a chur ar taispeáint agus bronnadh roinnt dámhachtainí do na tionscadail is fearr i gcatagóirí éagsúla.
- **Campaí Samhraidh:** Reáchtáil baill foirne ar fud na gcampas go léir roinnt campaí samhraidh do leanaí ó aois 8-16 i go leor réimsí disciplín éagsúla lena n-áirítear ríomhaireacht, innealtóireacht agus tógáil.

8.4 Oideachas, Dearadh agus na Daonnachtaí

Tháinig forbairt ar theideal sealadach na dáimhe i rith na bliana agus léiríonn sé an meascán disciplíní thar thrí scoil ar leith atá ag teacht chun cinn i réimsí na dTionscal Deartha agus Cruthaitheach, na nEolaíochtaí Oideachais, agus na hEolaíochta Sóisialta agus na nDaonnachtaí.

Cé go bhfuil forbairt ar dhámh chomhleanúnach, chomhtháite, ag feidhmiú i agus ar fud ilchampas ina huaillmhian fadtéarmach; tá an fhoireann tar éis obair mhaith a dhéanamh le chéile i rith na bliana chun dul chun cinn i dtreo struchtúr eatramhach. Is é príomhchuspóir struchtúir eatramhaigh láidreachtaí na ranna atá ann cheana agus na scoileanna atá ag teacht chun cinn a chaomhnú, agus ag an am céanna am a chruthú chun fadhbanna féideartha a réiteach, réitigh a chur i bhfeidhm chun struchtúr deiridh a sheachadadh agus straitéis dáimhe a fhorbairt.

Tá an dámh scaipthe ar fud sé cinn de na naoi gcampas, is iad sin Cathair na Gaillimhe (bóthar Pháirc an Tobair), Conamara, Coláiste San Aingeal, Sligeach, Maigh Eo, agus Leitir Ceanainn. Tá leibhéil an-arda comhtháthaithe agus roinnte idir cláir agus ranna ar na campais níos lú áirítear baill foirne léachtóireachta roinnte, teicneoirí, riarthóirí, saotharlanna, ceardlanna, teicneolaíocht/trealamh agus ábhair. Toisc go bhfuiltear ag súil go mbeidh cuid de na cláir agus na ranna sin suite i scoileanna éagsúla sa struchtúr deiridh, tá plean mionsonraithe cur chun feidhme á ullmhú, chun an dámh a thógáil ó struchtúr eatramhach go struchtúr deiridh, lena ligtear d'oibríochtaí reatha leanúint ar aghaidh gan bhac agus lena bhforbraítear próisis oibríochta nua ag an am céanna.

Tá an comhoibriú agus an comhdhearcadh atá á bhaint amach de réir a chéile ag foireann na dáimhe ag cothú muiníne go seasta i dtreo an taistil agus i gcumas na foirne straitéis dáimhe uathúil agus éifeachtach a sholáthar dár réigiún. Tá an plé ag dul níos mó i dtreo luach féideartha amach anseo, do na pobail agus do na páirtithe leasmhara inár réigiún, i gcás dámh ina gcomhcheanglaítear na disciplíní tábhachtacha agus na réimsí saineolais sin chun oideachas agus eispéiris ardchaighdeáin a sholáthar dár scoláirí agus lena seachadtar fíorthionchar sochaíoch agus marthanach.

Samplaí de ghníomhaíochtaí le linn na tréimhse tuairiscithe:

- Leanadh ar aghaidh leis an bhfeidhmíocht láidir i líon na scoláirí ar fud na scoileanna agus na ranna a bhfuil baint acu leis an dámh
- Cruinnithe rialta Fhoireann Feidhmiúcháin na Dáimhe agus Choiste Clár Acadúil na Dáimhe
- Cuireadh clár nua fochéimithe leis do sheoladh mhí Mheán Fómhair 2024 – BA (Onóracha) sa Seodra agus sa Ghaibhneacht Óir – lena sheachadadh i gcomhpháirtíocht le Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann atá lonnaithe i mBaile Mhic Andáin, Co. Cill Chainnigh
- Méadú de réir a chéile ach seasta ar ghníomhaíochtaí taighde, lena n-áirítear scoláirí taighde Máistreachta struchtúrtha agus rannpháirtíocht foirne maidir le PhD
- Leibhéil arda leanúnacha rannpháirtíochta seachtraí agus comhpháirtíochta le heagraíochtaí lena n-áirítear Creative Enterprise West (CREW), Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann, Irish Furniture & Interiors Network (IWIN), Institiúid an Iarthair um Staidéar san Oideachas (WISE), TG4, Greasán na Meán Skillnet, Coimisiún Forbartha an Iarthair, Údarás na Gaeltachta agus go leor eile

9. Comhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú

Trí Dhualgas na hEarnála Poiblí, tá freagracht ar OTA comhionannas agus cearta an duine a chosaint agus seasamh leo ag aithint comhionannas deiseanna agus meas ar éagsúlacht a chur chun cinn i ngach gné de ghníomhaíochtaí na hOllscoile mar phríomhchuidiú le dea-rialachas.

Cuidíonn an Fochoiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú de chuid Chomhlacht Rialaithe OTA lena fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh agus soláthraíonn sé ceannaireacht agus cuntasacht maidir le comhionannas agus éagsúlacht i ngach gné de ghníomhaíochtaí na hOllscoile. Tagann an Fochoiste sin le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana agus tá Maura McNally S.C. ina cathaoirleach air.

Buaileann an Grúpa Stiúrtha um Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú, ina bhfuil bainisteoirí sinsearach a dhéanann ionadaíocht ar dhámha agus feidhmeanna ó gach cearn de OTA, le chéile ceithre huaire ar a laghad gach bliain chun ceannaireacht agus cuntasacht a sholáthar maidir le comhionannas, éagsúlacht agus lonchuimsiú i ngach gné de ghníomhaíochtaí na hOllscoile agus chun cabhrú le dea-rialachas.

Is í an tOllamh Jacqueline McCormack an Leas-Uachtarán atá freagrach as Comhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú agus tá sí i gceannas ar an bhfoireann um Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú in OTA, ag déanamh maoirseachta ar fhoireann de thriúr Ceannaire um Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú agus Riarthóir Foirne Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú. Tá ról sonrach ar fud na heagraíochta ag gach ceann de na trí Cheannaire um Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú atá ailínithe le ceann de na trí thosaíocht náisiúnta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú mar a chinneann Ionad Barr Feabhais an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú; Comhionannas Inscne, Comhionannas Ciníocha agus Deireadh a chur le Foréigean Gnéasach agus Ciapadh.

Tacaíonn foireann um Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú OTA le OTA chun a hoibleagáidí maidir le cearta an duine agus comhionannas a chomhlíonadh. Cuireann an fhoireann feasacht agus tuiscint ar shaincheistean comhionannais agus cearta an duine chun cinn, forbraíonn sí beartais atá bunaithe ar fhianaise le príomhfheidhmeanna ollscoile, agus tugann sí cumhacht don fhoireann agus do scoláirí tionscnaimh a stiúradh ina gcothaítear cultúr sábháilte, uilechuimsitheach. Cuireann an fhoireann dearadh, ábhar agus oideolaíocht chuimsitheach curaclaim chun cinn freisin.

Tar éis formheas institiúideach, foilsíodh Polasaithe agus Nósanna Imeachta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú agus um Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne OTA ar SharePoint um Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú go luath in 2024. Cuireadh oiliúint Tras-Chuimsitheachta agus Forainmneacha ar fáil i mí Feabhra agus i mí na Bealtaine, agus reáchtáladh trí sheisiún gnáthaimh um Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne i mí an Mheithimh. Leis an nós imeachta tugtar deis do na scoláirí ainm is rogha leo a úsáid trí fhoirm ar líne, agus tugtar deis den chineál sin do na baill foirne trí Acmhainní Daonna an champais.

Bunaíodh Foireann Féinmheasúnaithe Athena Swan Ireland OTA i mí na Nollag 2023 chun an chéad iarratas ar dhámhachtain chré-umha agus plean gníomhaíochta inscne nua na hOllscoile a ullmhú lena gcur isteach i mí na Bealtaine 2025. Chríochnaigh ceathrar bean déag Aurora, an clár ceannaireachta AdvanceHE do bhaill foirne acadúla agus do bhaill foirne mná ar baill foirne ghairmiúla, bhainistíochta agus tacaíocht iad nach bhfuil i ról bhainistíochta sinsearaí faoi láthair.

I mí Mheán Fómhair 2023, shínigh an tUachtarán, an Dr Orla Flynn, Prionsabail Frithchiníochais an Údaráis um Ard-Oideachas um Chomhionannas Ciníocha d'Institiúidí Ardoideachais thar ceann OTA. I gcomhréir le Plean Forfheidhmithe um Chomhionannas Ciníocha an Údaráis um Ard-Oideachas, bhunaigh OTA Grúpa Oibre um Chomhionannas Ciníocha ar fud na hOllscoile i mí an Mheithimh 2024 chun plean gníomhaíochta institiúideach a fhorbairt.

Eisíodh Polasaí Foréigin Inscnebhunaithe OTA le haghaidh comhairliúcháin i mí na Bealtaine 2024. Cuireadh Grúpa Oibre um Dhínit agus Meas le chéile chun forbairt, oiliúint agus cur chun feidhme pholasaí gaolmhar a chomhordú. Cuireadh oiliúint maidir le nochtadh ar fáil don fhoireann Sheirbhísí do Scoláirí i mí Aibreáin 2024.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, sheol an fhoireann um Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú an Ciste Tacaíochta Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú do thionscadail nuálacha um Chomhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú faoi stiúir bhaill foirne agus scoláirí. Thacaigh an fhoireann freisin leis na Líonraí LADTA+ agus Comhionannais Ciníocha agus d'eagraigh siad imeachtaí do Mhí na nDaoine Gorma, Lá Idirnáisiúnta na mBan, agus an Lá Idirnáisiúnta um Dhíothú an Fhoréigin in aghaidh na mBan agus na gCailíní.

10. Bonneagar

Astaíochtaí gás ceaptha teasa atá ann faoi láthair v bonnlíne 2016-18

Cuimsítear in OTA breis is 40 foirgneamh le breis is 19 Gwh d'úsáid fuinnimh agus breis is 149,000 méadar cearnach d'achar urláir ar fud 9 gcampas.

Tá an cion carbóin atá inchurtha i leith gach ceann de champas na Gaillimhe-Maigh Eo, Shligigh agus Dhún na nGall scoilte mar chóimheas 44:35:21 go neasach, tá sé sin ailínithe leis an gceantar arna scoilt ag 42:35:23. Suas go dtí 2024, thuairiscigh gach campas réigiúnach astaíochtaí ar leithligh chuig Faireachán agus Tuairisciú Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Cumascfaidh OTA tuairisciú in 2025 anois go bhfuil comhtháthú iomlán á bhaint amach ag an Ollscoil. Seo a leanas na spriocanna astaíochtaí d'OTA:

- Astaíochtaí GCT a laghdú 51% faoi 2030.
- An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú ón sprioc 33% in 2020 go dtí 50% faoi 2030.

Ba é 6,581,105 kgCO₂ an bhunlíne astaíochtaí carbóin iomlán d'OTA le sprioc 2030 de 2,139,663 KgCO₂.

Is iad 4,655,427 KgCO₂ na hastaíochtaí gáis reatha mar a thuairiscítear d'fhairachán agus tuairisciú Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Is é 2,515,764 KgCO₂ nó 54% an Bhearna go Sprioc atá ann faoi láthair.

Ceanglais an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme

D'fhoilsigh OTA an dara treochlár um ghníomhú ar son na hAeráide lena n-áirítear athruithe ó shainordú 2023 go 2024 um ghníomhú ar son na haeráide. Léirítear sa treochlár an chonair chun na spriocanna a bhaint amach faoi 2030. Tá an treochlár agus an seachadadh sin ar spriocanna 2030 ag brath go mór ar infheistíocht fabraice a thógáil agus thart ar €73 mhilliún aitheanta i dtionscadail. Seachadadh tionscadail athchóirithe ar champais na Gaillimhe agus Shligigh araon mar chuid den Chlár Pathfinder um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú. Cuirfear iarrachtaí suntasacha i bhfeidhm maidir le barrfheabhsú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais téimh agus leictreacha foirgneamh atá ann cheana agus ag an am céanna díreofar ar uasghrádú fabraice a sheachadadh ar na foirgnimh is mó, is lú éifeachtúlacht ar fud na gcampas.



Gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta ar tugadh fúthu

Tá an bord Bainistíochta tiomanta go hiomlán do Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí agus do chomhlíonadh Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide. Mar thaca lenár n-oibleagáidí chláraigh an Ollscoil le spriocanna forbartha inbhuanaithe lena n-áirítear an Comhaontú maidir le spriocanna forbartha inbhuanaithe agus an feachtas Rás go Nialas.

11. Acmhainní Daonna lena n-áirítear soláthar foirne

	Líon daoine			FTE		
	Mná	Fir	lomlán Líon Daoine	Mná	Fir	lomlán FTE
Acadúil	684	680	1364	627.64	642.45	1270.09
PMSS	639	396	1035	527.68	336.75	864.43
Taighde / Féinmhaoinitheach	117	77	194	93.72	71.60	165.32



12. Tuarascáil Airgeadais

Tá Ráitis Airgeadais OTA don bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2024 ar fáil le féachaint anseo:

<https://www.atu.ie/app/uploads/2026/01/financial-statements-year-ended-31-august-2024.pdf>



13. Tionscadail Speisialta

13.1 N-TUTORR

Dearadh clár oibre N-TUTORR (2022-2024, ciste 40 milliún, leithdháileadh 7.11 milliún ar OTA, arna chistiú ag Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh) chun foghlaim san earnáil ardoideachais theicneolaíoch a athrú ó bhonn trí dhíriú ar thrí shruth:

- **Sruth 1** Cumhachtú agus comhpháirtíocht scoláirí
- **Sruth 2** Cumais foirne a thógáil
- **Sruth 3** Claochlú digiteach inár dtimpeallacht foghlama agus teagaisc

Shroich líon rannpháirtíochta OTA 6,918 rannpháirtithe uathúla lena n-áirítear 5,568 scoláirí agus 1,350 baill foirne ar fud na 9 gcampas. Léiríonn na figiúirí rannpháirtíocht agus spéis i 150+ tionscnamh cistithe a sheachadtar thar amlíne dhá bhliain, faoi na téamaí; oideachas ar mhaithe le hinbhuanaitheacht, sláine acadúil, Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, infhostaitheacht, agus teagasc agus foghlaim dhigiteach.

I measc cuid de na príomhthionscnaimh a raibh tionchar suntasach acu ar an eispéireas foghlama agus teagaisc ag OTA tá an clár Scoláirí mar Chomhpháirtithe i gComhaltacht Nuálaíochta agus Athraithe. Ar leibhéal earnála bhí 175 fhoireann tionscadail páirteach sa chlár comhaltachta agus in OTA amháin, cuireadh 35 thionscadal chun feidhme ina raibh líonra 350 baill foirne agus scoláirí ar fud OTA rannpháirteach.

Sheachaid seachtain N-TUTORR (Feabhra 2024) ar rannpháirtíocht náisiúnta le 50 imeacht a reáchtáladh ar fud 9 gCampas de chuid OTA.

Éacht eile faoin gclár oibre N-TUTORR is ea **Creat Curaclaim** agus **Creat Inniúlachta um Fheasacht, Freagracht, Cumhachtú agus Gníomhaíocht do Scoláirí** de chuid OTA.

Nuálaíocht as cuimse faoi N-TUTORR is ea an fhorbairt atá déanta ar MyDigitalBackpack.ie, faoi stiúir OTA freisin, agus bhí 100 curadh scoláirí ó gach cearn den earnáil páirteach ina dhearadh agus ina fhorbairt. Bhí rannpháirtíocht den scoth ann go dtí seo, agus eisíodh 8,000 suaitheantas oscailte digiteach náisiúnta ó 2023-24.

Le cistiú N-TUTORR cumasaíodh infheistíocht shuntasach i gcur chun feidhme 45 amharclann agus seomra cruinnithe a rinneadh a uasghrádú mar spás foghlama agus comhoibrithe hibrideach. Ina theannta

sin, tá tionscadal comhtháthaithe um Thimpeallacht Fhíorúil Foghlama darb ainm tionscadal Éiceachóras Foghlama OTA tar éis an bunús a leagan síos d'fhorbairt plean tionscadail nua córais bainistíochta foghlama do 9 gcampas de chuid OTA. Ina theannta sin, d'infheistigh N-TUTORR i gcur ar bun MY ATU APP, réiteach Bota Comhrá agus áis táirgthe meán úrscothach, réitigh bhainistíochta scrúduithe agus réiteach Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí ó thaobh na Margaíochta de, feidhmchlár aontaithe d'OTA. Tá bailiúchán cás-staidéar ina dtugtar breac-chuntas ar shainthionscadail OTA [ar fáil anseo](#).

Bhí tionchar ag N-TUTORR ar an iomlán, rud a chruthaigh cultúr rannpháirtíochta agus comhoibrithe ar leibhéal earnála agus ar fud na hollscoile araon, ina raibh baill foirne agus scoláirí páirteach.

13.2 Ardoideachas 4.0

Tá Ardoideachas 4.0, arna chistiú faoi Cholún 3 de Thionscnamh an Chaipitil Dhaonna, ar cheann de dhá thionscadal mhóra a fhaigheann cistiú ón taobh amuigh a bhfuil an clár Ar Líne, Solúbtha agus Forbairt Ghairmiúil i gceannas orthu laistigh den Ollscoil. Tá dhá phríomhshnáithe ag an tionscadal. Seirbhís atá os comhair an phobail is ea an chéad cheann, 'Gairmeacha agus Conairí Foghlama', a sholáthraíonn seirbhísí comhairleacha um Aitheantas Réamhfhoghlama agus gairmeacha/staidéir trí mycareerpath.ie. Tá sé dírithe ar inrochtaineacht agus ar fhoghlaiméoirí a bhfuil scileanna a bhaineann leis an tionscal acu a phromhadh amach anseo. Tá teagmháil rialta le fostóirí tríd an bhFoireann Idirchaidrimh Gnó agus imeachtaí éagsúla rannpháirtíochta tionscail mar bhonn eolais aige sin. Tá réimse conairí foghlama bunaithe ag an tseirbhís agus baineann sí úsáid astu sin chun comhairle a chur ar dhaoine aonair maidir leis na conairí foghlama atá ar fáil dóibh chun a gcuspóirí gairme a bhaint amach nó a n-infhostaitheacht a fheabhsú. Tá breis eolais ar fáil ar [www.mycareerpath.ie](#).

Seirbhís a bhfuil aghaidh á tabhairt uirthi go hinmheánach is ea an dara ceann – córas a thógáil chun freagairt go tapa do riachtanais an fhostóra agus an fhoghlaiméora ar bhealach aclaí, éifeachtúil agus costéifeachtach. Éilíonn aclaíocht agus freagrúlacht próisis aclaí agus polasaithe agus rialacháin chuí laistigh d'institiúidí freisin, agus mar sin tá cuid shuntasach den tionscadal sin tiomanta do mholtaí fianaisebhunaithe a fhorbairt maidir le hathruithe polasaithe, rialála agus próisis a theastaíonn ó institiúidí ardoideachais aclaí.

I measc na bhfothionscadal a cuireadh i gcrích go dtí seo tá ollchúrsaí oscailte ar líne (féach, freecourses.atu.ie), dámhachtainí micridhintiúir, dámhachtainí foghlama obairbhunaithe, dámhachtainí foghlama tionscadalbhunaithe, mar aon le cruthú 5,000 Cuspóir agus Modúl Foghlama In-athúsáidte. Tá an tionscadal chun tosaigh freisin i gCian-Saotharlanna, Foghlaim Oiriúnaitheach, Dearadh Teagaisc, agus Dintiúir Dhigiteacha, agus ag an am céanna iliomad Stiúideonna Taifeadta Gairmiúla a fheistiú, ag cur le cáilíocht ábhar oideachais ar líne OTA, ar fud naoi gcampas de chuid na hOllscoile.

Faoi Ardoideachas 4.0, tá áiseanna MakerSpace fisiciúla bunaithe ar champais na Gaillimhe agus Shligigh, agus tá an tríú cuid le cruthú ag OTA Dhún na nGall nuair a bheidh spás oiriúnach aitheanta. D'éirigh le clár for-rochtana MakerSpace OTA a thugann cuairt ar mheánscoileanna ar fud an réigiúin na hábhair ETIM a chur chun cinn i measc scoláirí freisin. Le haghaidh tuilleadh eolais ar MakerSpace OTA, féach: atumakerspace.ie.

Príomhghnóthachtáil nuálach de chuid an Tionscadail Ardoideachais 4.0 is ea tacú le tionscadal Fhaireachlann Turasóireachta Inbhuanaithe an Atlantaigh in Éirinn.

Tháinig an fhaireachlann chun bheith ina ball de Líonra Idirnáisiúnta Turasóireachta na Náisiún Aontaithe um Fhaireachlanna Turasóireachta Inbhuanaithe (INSTO) i mí na Samhna 2023. Mar an chéad fhaireachlann INSTO in Éirinn, comhoibríonn sí go dlúth le cinn scríbe turasóireachta feadh chósta an Atlantaigh, oileáin na hÉireann, agus croíthailte.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar go leor fothionscadal Ardoideachais 4.0, téigh chuig www.highered4.ie.

13.3 AE GLAS

Is Comhghuaillíocht Ollscoile Eorpach é AE GLAS a seoladh i mí Eanáir 2023, mar Chomhghuaillíocht na nOllscoileanna Eorpacha um Inbhuanaitheacht: Fás Freagrach, Oideachas Cuimsitheach agus Comhshaol. Is comhpháirtí iomlán é OTA in éineacht le hocht gcomhpháirtí ollscoile eile ar fud réigiúin imeallacha na hEorpa.

Soláthar foirne

Tá AE GLAS ag OTA ailínithe le hOifig an Uachtaráin. Tuairiscíonn ceannasaí AE GLAS do Leas-Uachtarán OTA Global freisin. Tá cúigear ball foirne ar fhoireann AE GLAS.

Uimh.	Ról	Ainm	Dáta Tosaigh
1	Ceannasaí OTA	Prof. Frances Lucy	Arna ceapadh an 16 Bealtaine 2023 (tús oifigiúil: an 1 Meán Fómhair 2023)
2	Bainisteoir Tionscadail	Margaret Mulchrone	Cuireadh tús leis an 9 Deireadh Fómhair 2023
3	Grád IV	Deirdre Whelan	Cuireadh tús leis an 15 Bealtaine 2023
4	Grád III	Paul Cairns / Ciara Griffin	Cuireadh tús leis an 21 Lúnasa 2023
5	Grád VI	Lorraine Cunningham	Cuireadh tús leis an 1 Iúil 2024

Róil agus Freagrachtaí

- Príomh-Chomhpháirtí chun Pacáiste Oibre 5 a bhainistiú: Rannpháirtíocht le haghaidh sochaithe agus geilleagair inbhuanaithe
- Comh-Príomhchomhpháirtí do phacáiste Oibre 4: Nuálaíocht agus fiontraíocht ar mhaithe le hinbhuanaitheacht
- Tacaíonn foireann tacaíochta OTA le haghaidh AE GLAS le gníomhaíochtaí agus soghluaisteachtaí foirne agus scoláirí OTA do na naoi bpacáiste oibre ar fad in AE GLAS. Tá 46 shoghluaisteacht amach ón bhfoireann agus ó na scoláirí do AE GLAS don tréimhse ama seo.
- Eagraíonn foireann AE GLAS ag OTA imeachtaí le haghaidh seachtainí AE GLAS don fhoireann chomh maith le ceardlanna a tionóladh ar champais OTA.

Imeachtaí AE GLAS – 3 Seachtaine Foirne Bliantúla ag OTA

Ainm an Imeachta	Dátaí	Suíomh an Champais	Soghluaisteacht Isteach
Seachtain Foirne an Champais Inbhuanaithe agus Sláintiúil – Pacáiste Oibre 8	15-18 Eanáir 2024	OTA Dhún nan Gall agus OTA Shligigh	32
Rannpháirtíocht do Sheachtain Foirne na gCumann agus na nGeilleagar Inbhuanaithe – Pacáiste Oibre 5	12-14 Márta 2024	OTA na Gaillimhe/ Mhaigh Eo/ Chonamara	42
Seachtain Foirne Taighdeoirí – Pacáiste Oibre 3	17-19 Meitheamh 2024	OTA Shligigh	103

Iomlán Soghluaisteachtaí Isteach d’imeachtaí: 177
Iomlán Soghluaisteachta Amach: 46





Ollscoil
Teicneolaíochta
an Atlantaigh

Atlantic
Technological
University



An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education,
Research, Innovation and Science

HEA

HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS